2026/1857

28.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1857 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Iúil 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí alcóil beinsile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 19 Nollaig 2025, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí alcóil beinsile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') de bhun Airteagal 5 den bhun-Rialachán.

(2) Rinneadh é sin de bhun gearán a chuir Lanxess Deutschland GmbH, Lanxess Chemical B.V. agus Vynova Advanced Organics Maastricht B.V. ('na gearánaigh') isteach an 10 Samhain 2025 thar ceann thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(3) Bhí údar leis an tionscnamh mar gheall ar an bhfianaise a soláthraíodh sa ghearán ar dhumpáil agus ar dhíobháil ábhartha dá deasca sin, mar a shonraítear san fhógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

1.2. Clárú

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/362 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le clárú') ([3]), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe.

1.3. Páirtithe leasmhara

(5) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Go sonrach, thug sé fógra do na gearánaigh, do tháirgeoirí aitheanta de chuid an Aontais, do tháirgeoirí onnmhairiúcháin, d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') agus do pháirtithe leasmhara aitheanta eile – lena n-áirítear allmhaireoirí, soláthróirí agus úsáideoirí – agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach. Tugadh an deis do gach páirtí leasmhar barúil a thabhairt maidir leis an tionscnamh agus éisteacht os comhair an Choimisiúin nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

1.4. Sampláil

(6) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C, C/2025/6741, 19.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/6741/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/362 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2026 lena gcuirtear allmhairí alcól beinsile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe chun tobhach dleachtanna frithdhumpála a cheadú ar na hallmhairí atá faoi réir a gcláraithe (IO L, 2026/362, 18.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/362/oj).

Táirgeoirí an Aontais a shampláil

(7) San fhógra tionscnaimh, chuir an Coimisiún páirtithe ar an eolas go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaíodh an sampla ar bhonn ionadaíochais i dtéarmaí mhéid táirgeachta agus díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas idir an 1 Deireadh Fómhair 2024 agus an 30 Meán Fómhair 2025. Dhá tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí sa sampla sin, arbh é a bhí acu níos mó ná 95 % de mhéid iomlán measta tháirgeacht an táirge chomhchosúil san Aontas agus níos mó agus 95 % de na díolacháin isteach san Aontas. Ba shampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Níor tugadh aon bharúil.

Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(8) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(9) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe foirmeacha samplála a bhí comhlánaithe go cuí faoin sprioc-am a leagadh síos. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún an cinneadh nach raibh gá le sampláil. Mar sin féin, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoir neamhchomhlachaithe a chuir foirm shamplála neamhiomlán isteach, Fenchem Biochemie GmbH, an ceistneoir a bhí beartaithe d'allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an táirge faoi imscrúdú a líonadh isteach.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil

(10) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(11) Sholáthair cúig tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó, arb ionann é agus thart ar 90 % de na honnmhairí uile chuig an Aontas ón tír lena mbaineann, a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an sampla a roghnaíodh.

1.5. **Scrúdú aonair**

(12) D'iarr táirgeoir onnmhairiúcháin amháin sa tSín go ndéanfaí scrúdú aonair air faoi Airteagal 17(3) den bhun-Rialachán. Ag an gcéim seo den imscrúdú agus i bhfianaise an ualaigh oibre breise mhíchuí a bhaineann leis an measúnú ar iarrataí ar scrúdú aonair, agus a d'fhéadfadh tabhairt chun críche tráthúil chéim shealadach an imscrúdaithe a chur i mbaol, níl aon chinneadh déanta ag an gCoimisiún maidir leis an iarraidh ar scrúdú aonair. Cinnfidh an Coimisiún an ndéanfar scrúdú aonair ag céim chinntitheach an imscrúdaithe.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(13) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith i nDaon-Phoblacht na Síne (an tSín) de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(14) Thairis sin, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán ar shaobhadh amhábhar sa tSín maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir le Daon-Phoblacht na Síne. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas na Síne.

(15) D'iarr an Coimisiún ar an dá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ar an allmhaireoir neamhchomhlachaithe a chuir é féin i bhfios agus ar an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte sa tír lena mbaineann na ceistneoirí a chomhlánú, a cuireadh ar fáil ar líne ([4]) lá an tionscnaimh. D'ullmhaigh an Coimisiún ceistneoir breise d'fhonn sonraí a bhailiú maidir le táscairí maicreacnamaíocha.

(16) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ón dá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe san Aontas, ón dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte agus ó ionadaí dlíthiúil thionscal an Aontais.

(17) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ag áitreabh na gcuideachtaí seo a leanas nó ag suíomh na dtaifead cuntasaíochta:

Táirgeoirí an Aontais

— Lanxess Deutschland GmbH, Cologne, an Ghearmáin

— Vynova Advanced Organics Maastricht B.V., Maastricht, an Ísiltír

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

— Hubei Greenhome Materials Technology, Inc., Cathair Xiantao, Hubei, an tSín ('Hubei Greenhome')

— Qianjiang Xinyihong Organic Chemical Co., Ltd., Cathair Qianjiang, Hubei, an tSín ('Qianjiang Xinyihong')

(18) An freagra ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha a cuireadh isteach thar ceann thionscal an Aontais, fíoraíodh é ag áitreabh a ionadaí dhlíthiúil i mBruiséil na Beilge.

1.7. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(19) Leis an imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. **AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(20) Is é an táirge faoi imscrúdú alcól beinsile (ar a dtugtar feinilmeatánól, beinséinmheatánól, feiniolcarbanól agus hiodrocsatolúéin freisin), alcól aramatach, a thagann de ghnáth faoi uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (CAS) 100-51-6 agus faoin Uimhir an Aontais Chustaim agus Staidrimh (CUS) 0011660-9, ar táirge é atá faoi láthair faoi chód AC 2906 21 00 ('an táirge faoi imscrúdú').

(21) Is féidir alcól beinsile a tháirgeadh trí dhá phríomhphróiseas: trí chlóiríniú ó tholúéin (an príomhbhealach) nó trí ocsaídiú aeir a dhéanamh ar tholúéin.

(22) Tá réimse leathan úsáidí ag alcól beinsile. Is mar thuaslagóir agus mar chaolaitheoir a úsáidtear go príomha é le haghaidh roisíní eapocsacha agus bratuithe i gcomhair feidhmeanna tionsclaíocha bunúsacha le haghaidh tógála. Mar thuaslagóir le haghaidh glantacháin agus díbhealú, faightear alcól beinsile i ngallúnacha, glantaigh, seampúnna agus táirgí glantacháin éagsúla freisin. *Inter alia*, úsáidtear freisin é mar leasaitheach (mar atá, i gcosmaidí agus i dtáirgí cúraim phearsanta, cothaithe ainmhithe agus agraiceimiceacha), mar thámhán i dtáirgí íocshláinte, mar iompróir i dtáirgeadh blastán, mar bhreiseán breosla i bpeitreal chun feidhmíocht innill a fheabhsú agus astaíochtaí a ísliú, mar áis ruaime i ruaimniú teicstílí, agus mar réamhtheachtaí i sintéis cheimiceach (go háirithe i monarú eistear agus éitear beinsile).

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2835.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(23) Is ionann an táirge lena mbaineann agus an táirge faoi imscrúdú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2.3. **An táirge comhchosúil**

(24) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(25) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(26) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(27) Chun na sonraí is gá a bhailiú chun go bhféadfaí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, iarradh san fhógra tionscnaimh ón gCoimisiún go soláthródh táirgeoirí onnmhairiúcháin uile na Síne mionsonraí maidir leis na hionchuir a úsáidtear ina dtáirgeadh. Chuir cúig tháirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(28) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(29) Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne. Ní dhearna Rialtas na Síne aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chomhdú laistigh den sprioc-am ach oiread. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go raibh sé beartaithe aige na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán a úsáid chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín. Ní bhfuarthas aon bharúil ó Rialtas na Síne maidir leis an bhfógra sin. Deimhnítear dá bhrí sin cur i bhfeidhm Airteagal 18 chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín i gcomhréir le hAirteagal 2(6a).

(30) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim sin, d'fhéadfadh *inter alia* Meicsiceo nó an Tuirc a bheith ina dtríú tíortha ionadaíocha iomchuí.

(31) An 9 Feabhra 2026, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún in iúl freisin nach dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú in aon tír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche inti atá cosúil leis an leibhéal sa tSín. Bhunaigh an Coimisiún a thaighde breise ar thíortha ina dtáirgtear táirgí ceimiceacha orgánacha (a aicmítear faoi chód NACE 2014). Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is iad sin an Tuirc, Meicsiceo, an Indinéis, an Mhalaeisia nó an Bhrasaíl, mar thíortha ionadaíocha iomchuí agus d'iarr sé ar na páirtithe uile a mbarúil a thabhairt agus tíortha malartacha a mholadh a chomhlíonann na bunchritéir faoi Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc.

(32) An 27 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an dara nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus an Bhrasaíl ina tír ionadaíoch. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus brabúis a shuí bunaithe ar 11 táirgeoir sa Tuirc atá gníomhach san earnáil monaraithe ceimiceán orgánach, a thagann faoi chód NACE 2014 ([5]).

(33) Sa dara nóta, tugadh aghaidh freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe leasmhara maidir leis na gnéithe sin agus leis na foinsí ábhartha. Tugtar aghaidh freisin ar na barúlacha a chuir na páirtithe ar fáil sna ranna seo a leanas.

3.2. **An Gnáthluach**

(34) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '*[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*'.

(35) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '*más rud é go gcinntear […]nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*' agus '*[á] ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar '*costais riaracháin, díola agus ghinearálta*').

(36) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibriú ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(37) Sonraítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán gurb é atá i 'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, *inter alia*, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

([5]) Koruma Temizlik Anonim Sirketi, Polen Un Ve Gida Katki Maddeleri Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi, Tarimsal Kimya Teknolojileri Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi, Sora Kozmetik Sanayi Ticaret Anonim Sirketi, Kimsan Petrokimya Sanayi Ve Ticaret Limited Sirketi, Hurkimsa Kimya Sanayi Ve Ticaret Limited Sirketi, Biolab Endustriyel Kimya Sanayi Ve Ticaret Anonim Sirketi, Verateks Boya Kimya Tekstil Sanayi Ticaret Limited Sirketi, Befchem Kimyevi Maddeler Sanayi Ticaret Anonim Sirketi, Nc Istanbul Kimyevi Urunler Sanayi Ticaret Limited Sirketi agus Merko Kimya Gida Sanayi ve ticaret limited Sirketi (Orbis).

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(38) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

(39) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh lena fháil amach an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach toradh ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna agus costais.

(40) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] *gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(41) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('an Tuarascáil') ([6]), ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe, (amhail earnáil na gceimiceán, ….). Iarradh ar na páirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt maidir léi nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil maidir leis an tSín sa chomhad imscrúdúcháin ag an gcéim thionscnaimh. Bhí roinnt fianaise ábhartha sa ghearán freisin a chomhlánaíonn an Tuarascáil.

(42) Bhí an gearánach ag brath ar an bhfianaise atá sa Tuarascáil go bhfuil saobhadh i dtionscal alcóil beinsile na Síne. Eascraíonn an saobhadh sin as eagrú Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín'), atá bunaithe ar choincheap an gheilleagair margaidh shóisialta a fhorbraítear faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne agus lena gcumhdaítear gach gné fhíor-riachtanach den Stát. De réir an ghearáin, ar an leibhéal eacnamaíoch, feidhmíonn Páirtí Cumannach na Síne rialú an-docht, rud a léirítear sa tábhacht mhór a bhaineann leis na cuideachtaí faoi úinéireacht stáit sa gheilleagar agus i ngiaráil láidir Pháirtí Cumannach na Síne ar an earnáil phríobháideach. Tharraing an gearánach aird ar thrí phríomhbhealach idirghabhála Rialtas na Síne i ngeilleagar na Síne: rialú riaracháin, airgeadais agus rialála ag an Stát ([7]).

(43) Thagair an gearánach freisin do thorthaí an Choimisiúin i roinnt imscrúduithe a rinneadh le déanaí maidir le hearnáil na gceimiceán sa tSín, lenar deimhníodh gur ann do shaobhadh suntasach i ndáil le heistir fosfáite ailcile áirithe ([8]).

(44) Thairis sin, meabhraíodh sa ghearán na heilimintí seo a leanas a raibh saobhadh suntasach mar thoradh orthu.

([6]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024, SWD (2017) 91 final.

([7]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 57-64.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1064 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí eistear fosfáite ailcile áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(45) Ar an gcéad dul síos, tá fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, rialú nó maoirseacht beartais nó faoi stiúir na n-údarás stáit ag freastal go mór ar an earnáil alcóil beinsile.

(46) Áitíonn an gearánach go n-imríonn Rialtas na Síne tionchar láidir ar chuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus ar chuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach araon, go háirithe i dtionscail atáthar a spreagadh amhail earnáil na gceimiceán lena gcuimsítear alcól beinsile. Feidhmíonn Rialtas na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne rialú ar chuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus múnlaíonn siad a struchtúr corparáideach agus a dtimpeallacht iomaíoch chun spriocanna eacnamaíocha straitéiseacha a bhaint amach, go háirithe trí phríomhfheidhmeannaigh a cheapadh agus a rialú trí Roinn Eagraíochta Pháirtí Cumannach na Síne, agus trí rochtain fhabhrach ar ionchuir thábhachtacha a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht stáit ([9]).

(47) Thairis sin, ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon, bhunaigh Rialtas na Síne na Coimisiúin um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní faoi Úinéireacht Stáit ('SASAC') lena bhfuil sé beartaithe ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna scairshealbhóirí an Stáit i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Ina theannta sin, ghlac Rialtas na Síne Dlí maidir le Sócmhainní Cuideachtaí faoi Úinéireacht Stáit i measc bearta eile lena sainordaítear rialú agus úinéireacht stáit ar thionscail straitéiseacha. De bhreis air sin, sonraítear sa ghearán go dtreisíonn an 'Córas Creidmheasa Sóisialta' tionchar an Pháirtí ar fhiontair sa tSín agus go bhfuil an baol ann go gcuirfidh sé brú ar chuideachtaí eachtracha beartais thionsclaíocha ábhartha na Síne a chomhlíonadh. Áitíonn an gearánach thairis sin, leis an 14ú Plean Cúig Bliana, go ndíríonn Rialtas na Síne ar bheartais shóisialacha a chaomhnú agus ar fhás eacnamaíoch a neartú. Maidir le cuideachtaí faoi úinéireacht stáit, is é is aidhm don Phlean Cúig Bliana nasc níos láidre a thógáil idir Rialtas na Síne agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit ([10]).

(48) De réir an ghearáin, i dtionscal na ndíorthach tolúéine go háirithe, tá cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne fós. Tá ról lárnach ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit maidir le hidirghabháil Rialtas na Síne in earnáil ceimiceán na Síne a éascú. Tá ceannasacht sa slabhra soláthair bunábhair réamhtheachtach i gcónaí ag na cuideachtaí sin faoi úinéireacht stáit, agus tairbhíonn siad de rochtain phribhléideach ar acmhainní arna leithdháileadh ag an rialtas, lena n-áirítear maoiniú, fóirdheontais, cearta úsáide talún, agus cineálacha eile tacaíochta stáit. Thairis sin, de bharr iad a bheith ailínithe go dlúth le beartas stáit agus mar gheall ar an tionchar nach beag a imríonn siad ar phróisis chinnteoireachta rialtais, tá a seasamh straitéiseach laistigh den tionscal comhdhlúite a thuilleadh ([11]).

(49) Tagraíonn an gearán do thrí cinn ar a laghad de na táirgeoirí tolúéine is mó ar domhan, ar cuideachtaí faoi úinéireacht na Síne iad uile: China Petrochemical Corporation (SINOPEC Group), China National Petroleum Corporation (CNPC), agus Sinochem Group. Leithdháileann Rialtas na Síne acmhainní airgeadais ar na cuideachtaí sin go tráthrialta, rud a shaobhann na margaí tolúéine agus alcóil beinsile ([12]).

(50) Tá cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach fós faoi rialú dlúth ag Rialtas na Síne. Braitheann an gearánach ar shampla na gcuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach a tháirgeann alcól beinsile ar deonaíodh rátaí cánach corparáide fabhracha, deontais rialtais nó fóirdheontais dóibh. Le rannpháirtíocht Rialtas na Síne sa mhargadh alcóil beinsile áirítear freisin rannpháirtíocht chomhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne i struchtúir rialachais chorparáidigh ([13]).

(51) Ar bhonn a bhfuil thuas, tagann an gearánach ar an gconclúid go bhfuil freastal mór ar mhargadh alcóil beinsile na Síne á dhéanamh ag fiontair atá faoi réir úinéireacht, thacaíocht airgeadais, rialú polaitiúil, nó mhaoirseacht agus threorú beartais Rialtas na Síne.

(52) Ar an dara dul síos, an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí alcóil beinsile faoi úinéireacht stáit agus i gcuideachtaí alcóil beinsile príobháideacha araon, tugann sé caoi do na húdaráis cur isteach ar phraghsanna agus/nó ar chostais.

(53) De réir an ghearáin, caomhnaíonn Rialtas na Síne a thionchar i bhfiontair faoi úinéireacht stáit trí phríomhphearsanra bainistíochta a cheapadh agus a chur as oifig, arb é príomhfhreagracht SASAC é. Déanann sé amhlaidh freisin trí thionchar mór a imirt ar tháirgeadh amhábhar criticiúil chun alcól beinsile a tháirgeadh, go háirithe tolúéin ([14]).

([9]) Gearán (Leagan oscailte), mír 79.
([10]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 92-94.
([11]) Gearán (Leagan oscailte), mír 95.
([12]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 96-98.
([13]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 99-102.
([14]) Gearán (Leagan oscailte), mír 106.

(54) Ceann de phríomhstraitéisí Rialtas na Síne chun smacht a choinneáil ar fhiontair faoi úinéireacht stáit is ea bainistíocht pearsanra a cheapadh, comhaltaí de Pháirtí Cumannach na Síne go minic. Leagtar síos go soiléir le Dlí na Síne maidir le cuideachtaí faoi úinéireacht stáit go bhfuil sé de chumhacht ag SASAC agus SASACanna áitiúla bainistíocht cuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh. Ina theannta sin, deimhnítear le Rialachán SASAC gurb é ceann dá dhualgais '*daoine freagracha*' cuideachtaí faoi úinéireacht stáit '*a cheapadh nó a chur as oifig*'. Braitheann an gearánach ar thorthaí an Choimisiúin sa Tuarascáil, chun a áitiú gur '*léiriú [é sin] ar thionchar suntasach Stáit i bhfianaise scála na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus ról ceannasach an gheilleagair faoi úinéireacht stáit sa tSín*'. An bhaint dhíreach atá ag Páirtí Cumannach na Síne le bainisteoirí cuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus an ceart atá aige na nósanna imeachta ábhartha a leagan síos agus iarrthóirí sonracha a mholadh do na poist sin, treisíonn siad an tionchar láidir sin a thuilleadh ([15]).

(55) Ina theannta sin, tairbhíonn cuideachtaí faoi úinéireacht stáit sa tSín de rochtain fhabhrach ar réimse leathan ionchur amhail talamh agus fuinneamh, agus ar chórais mhaoinithe freisin. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil láidir Stáit laistigh de chuideachtaí, déantar leithdháileadh acmhainní saofa, rud a fhágann costais shaofa agus praghsanna saofa le haghaidh na dtáirgí a mhonaraítear. Thairis sin, imríonn Rialtas na Síne tionchar ar chostais agus ar phraghsanna táirgí ceimiceacha amhail alcól beinsile trína bheith i láthair in earnálacha réamhtheachtacha na n-amhábhar agus na n-ionchur is gá chun é a tháirgeadh agus trí idirghabháil a dhéanamh iontu. Mar shampla, is iad is príomhchúiseanna leis an táirgeadh láidir tolúéine sa tSín an infheistíocht agus an leathnú tapa san earnáil, chomh maith le hinfhaighteacht maoinithe agus amhábhar araon. Mar thoradh ar na ró-acmhainneachtaí ó thaobh táirgeadh tolúéine de, rinneadh infheistíochtaí níos mó sna tionscail iartheachtacha, agus go háirithe i dtionscal an alcóil beinsile. Thairis sin, cuireann Rialtas na Síne isteach ar phraghsanna agus ar chostais fuinnimh. Cé go ndearna Rialtas na Síne roinnt iarrachtaí chun iomaíocht a chruthú sa mhargadh agus chun a cheadú gurb iad fórsaí an mhargaidh a shocródh praghsanna, déantar rialú láidir i gcónaí ar phraghsanna fuinnimh. Níl aon amhras ach go ligeann an imthoisc sin do Rialtas na Síne costais fuinnimh a laghdú go mór chun tairbhe táirgeoirí ceimiceán, go háirithe tolúéin agus alcól beinsile ([16]).

(56) Ar an tríú dul síos, déanann Rialtas na Síne idirghabháil go háirithe san earnáil fuinnimh agus sa mhargadh leictreachais trí fhóirdheonú guail mar an phríomhfhoinse fuinnimh le haghaidh táirgeadh gaile. Ina theannta sin, tá freastal mór ar an margadh leictreachais á dhéanamh ag fiontair a oibríonn faoi údaráis na Síne.

(57) De réir an ghearáin, áirithíonn Rialtas na Síne trí fhóirdheontais dhíreacha, maoiniú fabhrach, agus rialuithe praghsanna go bhfanann gual saor go saorga, rud a théann chun tairbhe do thionscail a bhraitheann air mar phríomhfhoinse fuinnimh. Cé go n-úsáidtear gual den chuid is mó chun leictreachas a ghiniúint, tá sé fíor-riachtanach freisin chun gal thionsclaíoch a tháirgeadh, ar ionchur criticiúil i monarú ceimiceán agus i bpróisis dianfhuinnimh eile í. Imríonn Rialtas na Síne tuilleadh tionchair trí rialuithe praghsanna. Mar shampla, tá an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú (NDRC) tar éis 'raon réasúnta' a leagan síos le haghaidh praghsanna idirbhirt guail meántéarmacha agus fadtéarmacha idir CNY 570 agus 770 in aghaidh an tona. Ina theannta sin, is minic a dhéanann mianadóirí móra faoi úinéireacht stáit amhail China Shenhua Energy Co. agus China Coal Energy Co. gual a dhíol ar phraghas caidhpeáilte, rud a áirithíonn costais atá cobhsaí ach íseal go saorga do thionscail iartheachtacha ([17]).

(58) Thairis sin, áitítear sa ghearán, sa bhreis ar tháirgeadh gaile, go dtugann earnáil guail fhóirdheonaithe na Síne buntáiste éagórach freisin do thionscail intíre tríd an tionchar a imríonn sí ar sholáthar agus ar phraghsáil leictreachais. Ó 2022, is ó ghléasraí cumhachta gualbhreoslaithe a tháinig 60 % de ghiniúint leictreachais na Síne. Tá níos mó i gceist le ról Rialtas na Síne sa mhargadh leictreachais ná fóirdheontais bhreosla, óir tá úinéireacht dhíreach aige agus feidhmíonn sé rialuithe praghsála, rud a chruthaíonn córas ina sochtar costais leictreachais go saorga. Is cuideachtaí faoi úinéireacht stáit is mó atá in earnáil an leictreachais. Tá saobhadh suntasach ar an margadh mar gheall ar an rialú forleathan a fheidhmíonn an Stát ar phraghsáil agus ar dháileadh leictreachais. Le samhail na Síne, áirithítear costais leictreachais d'úsáideoirí tionsclaíocha atá íseal go saorga. Téann an idirghabháil sin chun tairbhe d'earnálacha dianfhuinnimh, go háirithe tionscal na gceimiceán, mar ar comhpháirt mhór de chostais táirgthe é an leictreachas ([18]).

(59) Ar an gceathrú dul síos, saothraíonn Rialtas na Síne beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir.

([15]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 107-109.
([16]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 112-116.
([17]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 117-121.
([18]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 122-125.

(60) Déantar forbairt gheilleagar na Síne a chinneadh trí chóras pleanála mionsaothraithe ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus áitiúla díriú orthu agus a ndícheall a dhéanamh iad a chur chun feidhme. Leis na pleananna sin, lena gcumhdaítear beagnach gach earnáil eacnamaíoch, leagtar síos cuspóirí éigeantacha sonracha a ndéanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán orthu. Leis an sásra pleanála, treoraítear leithdháileadh acmhainní, atá dírithe ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil ag baint leo, seachas iad a leithdháileadh de réir fhórsaí an mhargaidh ([19]).

(61) Dhírigh Rialtas na Síne go comhsheasmhach ar thionscal na gceimiceán ina dhoiciméid bheartais éagsúla agus mhúnlaigh sé go soiléir a bhearta chun tús áite a thabhairt do tháirgeoirí ceimiceán intíre. Leagtar amach sa 14ú Plean Cúig Bliana lárnach, mar shampla, físeanna straitéiseacha Rialtas na Síne maidir le claochlú agus uasghrádú tionscal traidisiúnta agus an ais forbartha le haghaidh tionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear tionscail na gceimiceán, na n-ábhar tógála, na nua-ábhar, agus na snáithíní ceimiceacha. Ina theannta sin, i leagan 2024 den Chatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch, is cosúil gur tionscal atáthar a spreagadh é tionscal na gceimiceán agus na bpeitriceimiceán. Agus an stádas sin aige, is féidir leis an tionscal sin tairbhiú go ginearálta d'fhóirdheontais iomadúla agus de thacaíocht airgeadais trí airgeadas poiblí, cánachas, creidmheas, allmhairiú agus onnmhairiú, chomh maith le talamh. Tagann an gearánach ar an gconclúid go ndéanann Rialtas na Síne táirgeadh agus díolacháin shlabhra luacha iomlán an alcóil beinsile a rialú agus a rialáil go gníomhach ar an leibhéal náisiúnta agus cúigeach ([20]).

(62) Ar an gcúigiú dul síos, mórán mar a chéile le haon earnáil eile i ngeilleagar na Síne, tá an earnáil alcóil beinsile faoi réir an tsaofa a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne:

(63) De réir an ghearáin, déanann córas féimheachta na Síne seachadadh neamhleor ar a phríomhchuspóirí amhail éilimh agus fiachais a réiteach go cothrom, agus cearta creidiúnaithe agus féichiúnaithe a chosaint. Tá Dlí Féimheachta na Síne tearc-fhorfheidhmithe go córasach agus díríonn sé ar chuideachtaí beaga go príomha. Braitheann an gearánach ar Thuarascáil an Choimisiúin chun tacú le tearc-fhorfheidhmiú an Dlí Féimheachta, go háirithe mar gheall ar an easpa soiléireachta sna critéir maidir leis na himeachtaí a thionscnamh agus ina dtoradh, agus mar gheall ar an tionchar láidir a imríonn údaráis Stáit ar nósanna imeachta féimheachta. Thairis sin, bíonn tionchar ag tearc-fhorfheidhmiú dlíthe féimheachta ar mhargadh airgeadais agus iasachtaíochta na Síne, arb ionann é agus ráthaíochtaí stáit intuigthe a dheonú do na cuideachtaí sin, rud a shaobhann costais na gcreidmheasanna agus rochtain ar mhaoiniú ([21]). Thairis sin, maidir le dlíthe maoine, is léir easnaimh chóras na gceart maoine go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín. Braitheann leithdháileadh talún go heisiach ar an Stát, a d'fhéadfadh spriocanna polaitiúla a shaothrú in áit prionsabail an tsaormhargaidh a leanúint. Cé go bhfuil roinnt dlíthe ann arb é is aidhm dóibh cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna an mhargaidh, áitíonn an gearánach gur minic nach n-urramaítear na forálacha sin ([22]). Is é conclúid an ghearánaigh, cosúil le haon earnáil eile i ngeilleagar na Síne, go bhfuil táirgeoirí alcóil beinsile faoi réir rialacha féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne agus, dá bhrí sin, faoi réir an tsaofa a eascraíonn as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe sin.

(64) Ar an séú dul síos, déantar costais phá a shaobhadh san earnáil alcóil beinsile freisin.

(65) De réir an ghearáin, ós rud é nach n-eascraíonn foirmiú pá sa tSín as gnáthfhórsaí an mhargaidh ná as fíor-chómhargáil shaor, bíonn costais phá faoi réir saobhadh suntasach. Ní féidir le córas pá fíor-mhargadhbhunaithe teacht chun cinn go hiomlán sa tSín de dheasca baic struchtúracha ar chearta oibrithe agus fostóirí eagrú gan bhac. Sa chleachtas, ní aithnítear go dlíthiúil ach ceardchumann amháin, Cónaidhm Uile-Shíneach na gCeardchumann ('ACFTU'). Níl ACFTU neamhspleách ón stát, áfach. Ina theannta sin, léiríonn an fhianaise gur minic a bhíonn poist shinsearacha laistigh de ACFTU ag oifigigh ardchéime de chuid an pháirtí i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit nó ag bainisteoirí i gcuideachtaí príobháideacha ([23]).

([19]) Gearán (Leagan oscailte), mír 126.
([20]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 126-130.
([21]) Gearán (Leagan oscailte), mír 131.
([22]) Gearán (Leagan oscailte), mír 132.
([23]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 135-137.

(66) Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta go mór ag an gcóras clárúcháin teaghlaigh (hukou), lena ndéantar rochtain ar shochair chuimsitheacha slándála sóisialta agus leasa phoiblí a theorannú do dhaoine aonair atá cláraithe go hoifigiúil mar chónaitheoirí i limistéar riaracháin ar leith. Dá dheasca sin, is iomaí oibrí ar bheagán oiliúna atá fós eisiata ó sheirbhísí poiblí fíor-riachtanacha agus a fhágtar i ndrochstaid fostaíochta, agus iallach orthu go minic glacadh le pá níos ísle agus le dálaí oibre níos measa ná mar atá ag a macasamhail atá cláraithe go háitiúil. De réir an ghearáin, is é an toradh dosheachanta ar an difríocht córa sin go ndéantar costais phá a shaobhadh ar mhargadh saothair na Síne ([24]).

(67) Mórán mar an gcéanna le haon earnáil eile i ngeilleagar na Síne, tá tionscal an alcóil beinsile faoi réir dhlíthe saothair na Síne freisin agus, dá bhrí sin, déanann an saobhadh sin ar chostais phá difear dó freisin. Tá an saobhadh ar chostais phá níos measa fós mar gheall ar fhóirdheontais saothair a sholáthraíonn stát na Síne, go háirithe do tháirgeoirí alcóil beinsile ([25]).

(68) Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach go bhfuil saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán san earnáil alcóil beinsile.

(69) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(70) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla ón rialtas i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha a chuimsíonn an táirge lena mbaineann. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.2.2. *Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus costais sa tSín*

(71) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap "geilleagar margaidh sóisialach". Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. *Is é an príomhphrionsabal 'úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre'* ([26]).

(72) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit an 'fórsa ceannasach sa gheilleagar náisiúnta' agus tá sainordú ag an stát 'a chomhdhlúthú agus a fhás' a áirithiú ([27]). Go deimhin, i gcomparáid leis an 13ú Plean Cúig Bliana, dheimhnigh an Coimisiún um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht Stáit ('SASAC') gur tháinig méadú 44,6 % ar shócmhainní iomlána na bhfiontar lárnach le linn an 14ú Plean Cúig Bliana, *'rud a spreagann forbairt chomhtháite fiontar réamhtheachtach agus iartheachtach sa slabhra tionsclaíoch go héifeachtach agus a sholáthraíonn tacaíocht láidir chun príomhspriocanna agus príomhchúraimí fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta mo thíre a bhaint amach go rathúil'* ([28]).

(73) Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne socraithe go foriomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar, tá idirghabhálacha den sórt sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dhlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear é i dtábhacht mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

(74) Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([29]).

([24]) Gearán (Leagan oscailte), mír 138.
([25]) Gearán (Leagan oscailte), míreanna 139-140.
([26]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 7.
([27]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 7-8.
([28]) Féach: http://finance.people.com.cn/n1/2026/0128/c1004-40654753.html (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([29]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 10, 18.

(75) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud a chruthaíonn forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(76) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(77) Tar éis na chéad abairte a bhí ann cheana féin san fhoráil: '[i]*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*' cuireadh an dara habairt nua isteach ina léitear: '[i]*s í gné shainiúil an tsóisialachais ag a bhfuil saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*.' ([30]) Léiríonn sé sin rialú gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, rialú atá ag fás de shíor.

(78) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(79) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([31]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus leibhéal na timpeallachta rialála chomh maith.

(80) Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal an rialaithe riaracháin ghinearálta, tá treo gheilleagar na Síne á rialú ag córas casta um pleanáil tionscail a dhéanann difear do gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Leis na pleananna sin ar fad cumhdaítear maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad ann ar gach leibhéal rialtais.

(81) Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear freisin sna pleananna na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/na hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha don táirgeacht fós leagtha síos i roinnt de na pleananna.

(82) Faoi na pleananna, tugtar aird ar leith ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail aonair mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir leis na tosaíochtaí rialtais agus sanntar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) dóibh.

(83) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir na ndálaí a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([32]).

(84) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, is iad na bainc thráchtála agus na bainc bheartais faoi úinéireacht stáit atá i réim i gcóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntas eacnamaíoch tionscadail ar leith ([33]).

(85) Is amhlaidh atá i gcás comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais curtha ar bun ar bhonn institiúideach agus oibríochtúil ar bhealach nach bhfuil oiriúnaithe chun feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach ar mhaithe le rialú a áirithiú agus idirghabháil ón stát agus ó Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([34]).

([30]) Le fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([31]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 29-30.
([32]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 57, 92.
([33]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 149-150.
([34]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 153-171.

(86) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt cineálacha idirghabhála stáit sa gheilleagar ann. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta chun spriocanna beartais, seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a shaothrú agus, dá bharr sin, baintear an bonn de phrionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí a stiúradh d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh le beartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níor sainíodh cineál na spriocanna sin go fóill, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([35]).

(87) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá smacht mór ag Rialtas na Síne fós agus tá tionchar mór aige ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus toirmisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna an bheartais thionsclaíoch, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomhearnálacha nó borradh a chur faoin tionsclaíocht intíre ([36]).

(88) Mar achoimre, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais agus lena spreagtar iad. Bíonn idirghabhálacha substainteacha den sórt sin ón rialtas ag teacht salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr ([37]).

3.2.2.1. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.

(89) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(90) Is iad cuideachtaí príobháideacha den chuid is mó a fhreastalaíonn ar earnáil an táirge lena mbaineann, amhail Hubei Greenhome Materials Technology ([38]) nó Wuhan Youji ([39]). Mar sin féin, in earnáil réamhtheachtach na tolúéine, arb é an t-ionchur aonair is tábhachtaí a úsáidtear chun alcól beinsile a tháirgeadh, cé gur cuideachtaí príobháideacha amhail Hengli Petrochemicals ([40]) iad roinnt táirgeoirí, tá an leibhéal úinéireachta stáit fós suntasach, agus rialú ag an Stát ar roinnt táirgeoirí amhail Sinopec ([41]) nó Sinochem ([42]), ar cuideachtaí faoi úinéireacht stáit iad araon atá faoi rialú SASAC ([43]).

(91) Thairis sin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([44]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre. Go deimhin, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi rialú agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise a mhéid ar fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí le chéile sa tSín. Thairis sin, tá earnáil iomlán an táirge lena mbaineann faoi réir roinnt beartais rialtais amhail an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair ([45]) lena dtugtar aghaidh go díreach ar earnálacha na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán trína lua '*[i]n earnálacha lena n-áirítear peitriceimiceáin agus ceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála, cothóimid roinnt fiontair cheannródaíocha sa slabhra tionscail a fheidhmíonn ceannaireacht ar an éiceachóras agus a bhfuil croí-iomaíochas mar shaintréith acu, (...). Déanfar ról treorach na bpríomhfhiontar in earnálacha na gceimiceán agus na n-ábhar tógála a ghiaráil chun athchóiriú agus athstruchtúrú corparáideach a chur chun cinn*.'

([35]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 204-205.
([36]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([37]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.
([38]) Féach: http://www.greenhomechem.com/ (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([39]) Féach: https://www.chinaorganic.com/ (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([40]) Féach tuarascáil bhliantúil Hengli Petrochemicals 2025, lch. 67, le fáil ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2026/2026-4/2026-04-15/12087185.PDF, (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([41]) Féach: http://www.sinopec.com/listco/en/000/000/042/42474.shtml (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([42]) Féach: http://www.sinochemhx.com/shxsen/ywgl/zycp/hcszb/jyxpe/A076003001005002Gone1.html (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([43]) Féach: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([44]) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 47-50.
([45]) An 14ú Plean Cúig Bliana maidir le hamhábhair, Ranna IV.3 agus IV.1, le fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).

(92) Ina theannta sin, foirmlítear an Plean Oibre maidir le fás seasta thionscal na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán ([46]) chun *'oibriú cobhsaí agus barrfheabhsú agus uasghrádú struchtúrach thionscal na bpeitriceimiceán a chur chun cinn'* agus chun *'infheistíocht éifeachtach a leathnú agus claochlú agus uasghrádú a chur chun cinn'*.

(93) Ar an gcaoi chéanna, ar leibhéal na gcúigí, féachann 14ú Plean Cúig Bliana Shandong maidir le forbairt thionscal na gceimiceán ([47]) le *'forbairt ardcháilíochta thionscal na gceimiceán sa chúige a chur chun cinn'* agus *'uasghrádú an bhoinn tionscail agus nuachóiriú an tslabhra tionscail a chur chun cinn go cuimsitheach,* [...] *dlús a chur le tarraingt siar acmhainneachta táirgeachta atá neamhéifeachtúil cúlánta,* [...] *fiontair a threorú chun cumasc agus atheagrú a dhéanamh, leithdháileadh acmhainní agus struchtúr slabhra tionscail a bharrfheabhsú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus brabúsacht táirgeachta'*.

(94) Chomh maith leis sin, sonraítear in 14ú Plean Cúig Bliana Hubei maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus peirspictíochtaí 2035 ([48]) go ndéanfaidh na húdaráis rialtais *'forbairt olaí speisialtachta agus tionscal eitiléine iartheachtach a bharrfheabhsú, tionscail thraidisiúnta amhail tionscal na gceimiceán fosfair, na gceimiceán salainn agus na gceimiceán guail a uasghrádú, míncheimiceáin ardleibhéil agus nua-ábhair cheimiceacha a fhorbairt go dúthrachtach, leagan amach thionscal na gceimiceán feadh Abhainn Yangtze a bharrfheabhsú, agus aird a dhíriú ar roinnt páirceanna tionsclaíochta ceimicí speisialaithe glasa agus cliste a thógáil in Wuhan, Yichang, Jingmen, Xiangyang, Jingzhou, Xiaogan, Huanggang, Qianjiang agus Xiantao chun braisle nua-aimseartha de thionscal na gceimiceán a chruthú dar luach trilliún yuan'*.

(95) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([49]).

(96) Mar shampla, is é Cónaidhm Thionscal Peitriceimiceán agus Ceimiceán na Síne (*'CPCIF'*) an comhlachas tionscail le haghaidh earnáil an táirge lena mbaineann. De réir Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF, *'cloíonn an* [eagraíocht] *le ceannaireacht chuimsitheach Pháirtí Cumannach na Síne* [agus] *glacann sí leis an treoir ghairmiúil, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht a dhéanann na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, a dhéanann eintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí agus, chomh maith leis sin, a dhéanann na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail'* ([50]).

(97) Thairis sin, sonraítear in Airteagal 36 d'Airteagail Chomhlachais CPCIF nach mór d'uachtarán, do leas-uachtaráin agus d'ardrúnaí an Chomhlachais *'cloí le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige,* [agus] *seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte* ([51])'.

(98) Thairis sin, tá Coiste Speisialta um Hidreacarbóin Éadroma agus Comhdhúile Aramatacha curtha ar bun ag CPCIF lena gcumhdaítear hidreacarbóin aramatacha amhail tolúéin agus alcóil aramatacha amhail alcól beinsile ([52]).

(99) Is comhaltaí de CPCIF iad Hengli Petrochemicals ([53]), Sinopec ([54]) agus Sinochem ([55]).

(100) Dá bhrí sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge lena mbaineann oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht bheartais agus treoraíochta.

([46]) Féach: https://gxt.fujian.gov.cn/jdhy/zxzcfg/gjzcfg/202510/P020251015562784139701.pdf, (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([47]) Féach: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211201/1191133.shtml, (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([48]) Féach: https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/dffzgh/202104/P020210427315108290779.pdf (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([49]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 24-27.
([50]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/detail/40288043661e27fb01661e386a3f0001?e=1 (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([51]) Ibid.
([52]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/detail/d69629a0-ada2-44b4-86be-4505e97b0ace (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([53]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661de263df0018 (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([54]) Féach: http://www.cpcif.org.cn/list/40288043661dc14701661ddbe0980010 (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([55]) Ibid.

3.2.2.2. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas.

(101) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an stáit i ngnólachtaí. Go deimhin, is bealach tábhachtach iad cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, faoi úinéireacht stáit agus phríobháideach araon, trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó.

(102) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ([56])) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

(103) Níor léir gur cloíodh leis an gceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([57]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([58]).

(104) In 2017 cheana féin, tuairiscíodh go raibh cealla den Pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí féin ([59]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, sna hearnálacha uile, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(105) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ('na Treoirlínte') ([60]) , rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(106) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]*í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin*'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]*í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus é a chur ar a gcumas do chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar a gcumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe*'. Cuirtear i dtábhacht sna Treoirlínte, mar sin, ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar leo le ról an Pháirtí a mhéadú i gcuideachtaí agus in eintitis eile na hearnála príobháidí ([61]).

(107) Deimhníodh san imscrúdú gur ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí / feidhmeanna an Pháirtí san earnáil alcóil beinsile freisin.

(108) Chun sampla a thabhairt, is é Bainisteoir Ginearálta Wuhan Youji Rúnaí an Pháirtí freisin agus thug Coiste Pháirtí Cumannach na Síne i mBardas Wuhan luach saothair dó mar oibrí sármhaith i dtaca le gnóthaí Pháirtí Cumannach na Síne ([62]).

(109) Ina theannta sin, cuirtear in iúl i dtuarascáil bhliantúil 2022 ó Sinopec Group '[g]o *gcuireann an chuideachta feabhas leanúnach ar cháilíocht obair thógála an pháirtí, go dtreisíonn sé spiorad na bhfostaithe, go neartaítear obair cigireachta agus maoirseachta smachta, go gcuidíonn sé leis an mbord stiúrthóirí cinntí agus socruithe éagsúla a chur chun feidhme go héifeachtach, agus go gcuireann sé forbairt ardcháilíochta na cuideachta chun cinn*' ([63]). Thairis sin, is é rúnaí an choiste Páirtí atá ina chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí Sinopec Group agus feidhmíonn roinnt comhaltaí den bhord mar leasrúnaithe an choiste Páirtí ([64]). Dúirt Sinopec Group go bhfuil sé ar intinn aige '*díriú ar mhisean nua na cuideachta*

([56]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 40.
([57]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster* [An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc]; Foreign Affairs, imleabhar 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.
([58]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 41.
([59]) Le fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([60]) Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([61]) Financial Times (2020) - Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise: https://www.ft.com/content/582411f6-fc3b-4e4d-9916-c30a29ad010e?syn-25a6b1a6=1 (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([62]) Féach: https://www.wuhan.gov.cn/sy/whyw/202106/t20210630_1729512.shtml (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([63]) Féach: http://www.sinopec.com/u/cms/gfyw/202411/27092756kosx.pdf lch. 26 (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([64]) Féach: http://www.sinopecgroup.com/group/000/000/067/67517.shtml, (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).

agus ar thascanna nua ar an turas nua, spiorad féin-réabhlóideach an pháirtí a thabhairt ar aghaidh, ceannaireacht an pháirtí agus tógáil an pháirtí a neartú ar bhealach ilfheidhmeach comhtháite, agus rialachas páirtí cuimsitheach agus dian a chur chun cinn go córasach, d'fhonn ráthaíocht láidir a sholáthar chun caibidil nua de thionscal peitriceimiceán nua-aimseartha na Síne a scríobh' ([65]).

(110) Chomh maith leis sin, is rúnaí agus leas-rúnaí choiste an Pháirtí faoi seach iad cathaoirleach bhord stiúrthóirí agus bainisteoir ginearálta Sinochem ([66]).

(111) Tá tionchar saofa breise ar an margadh mar gheall ar láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin ([67]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an stáit i ngnólachtaí, san earnáil alcóil beinsile agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.2.2.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(112) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór, leo. Is de chineál ceangailteach iad na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

(113) Ar an iomlán, is é an toradh ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha a bhfuil tábhacht pholaitiúil eile ag baint leo, de rogha ar na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([68]).

(114) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

(115) Tá sé d'aidhm ag 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Peirspictíochtaí 2035 ([69]) *'tionscail thraidisiúnta a uasghrádú, barrfheabhsú agus coigeartú struchtúrach tionscal amhábhar amhail peitriceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla agus ábhair thógála a chur chun cinn, soláthar táirgí ardcháilíochta a leathnú in earnálacha amhail earnáil an tionscail éadroim agus an earnáil teicstíle, dlús a chur le claochlú agus uasghrádú fiontar i bpríomhthionscail amhail tionscal na gceimiceán agus an tionscal déanta páipéir, agus feabhas a chur ar an gcóras monaraíochta glas* ([70]).'

(116) De réir an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le tionscal na n-amhábhar ([71]), '*forbróidh* [an tSín] *baisc de bhraislí tionsclaíocha in earnáil na bpeitriceimiceán*. [...] *In earnálacha lena n-áirítear peitriceimiceáin agus ceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla, agus ábhair thógála, cothóidh* [an tSín] *roinnt fiontair cheannródaíocha a d'fhéadfadh éiceachóras an tslabhra thionsclaíoch a stiúradh le croí-iomaíochas*' ([72]).

([65]) Féach: http://www.sinopecgroup.com/group/000/000/041/41878.shtml (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([66]) Féach: https://www.sinochem.com/sinochem/guwm/zlzz/ds/A031002002002Gone1.html (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([67]) Tuarascáil – Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.
([68]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100-, .
([69]) Féach: https://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([70]) Ibid. Roinn III.8.
([71]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2021-12/29/content_5665166.htm (accessed on 20 May 2026).
([72]) Ibid. Féach Roinn IV.2 agus IV.3.

Ina theannta sin, ceanglaítear leis an Tuairim Threorach maidir le forbairt ardcháilíochta thionscal na bpeitriceimiceán agus na gceimiceán ([73]) a chur chun cinn *'beartais earnála a neartú agus scála an tionscail a rialáil go heolaíoch: [...] acmhainneacht soláthair polaiméirí ardleibhéil, ceimiceán speisialtachta agus táirgí eile a fheabhsú'* [...] chomh maith le *'feabhas a chur ar bheartais tacaíochta: comhordú beartas fioscach, airgeadais, réigiúnach, infheistíochta, allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, fuinnimh, éiceolaíoch, comhshaoil, praghais agus beartas eile le beartais thionsclaíocha a neartú* [agus] *lán-imirt a thabhairt do ról an ardáin náisiúnta um chomhar tionscail-airgeadais [...]'*.

(117) Ina theannta sin, is é is aidhm do 14ú Plean Cúig Bliana Hubei maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail nua-ábhar tionscal iartheachtach an táirge lena mbaineann a fhorbairt: *'Boinn Thionsclaíocha Nua-ábhar Xiantao agus Qianjiang, atá dírithe go príomha ar ábhair thacaíochta le haghaidh bun-chomhpháirteanna, bainfidh siad leas as Páirc Thionsclaíoch Nua-ábhar Xiantao chun nua-ábhair ardpholaiméire amhail beansóáit bheinsile a fhorbairt go dúthrachtach* ([74])*.'*

(118) Ina theannta sin, le 14ú Plean Cúig Bliana Hubei maidir le forbairt ardcháilíochta tionscail ceimiceán nua-aimseartha ([75]), tá sé ina cheangal go ndéanfar *'uasghrádú agus claochlú táirgí ola speisialtachta a chur chun feidhme, uasghrádú táirgí agus forbairt branda den scoth a chur chun cinn, scála iomlán táirgí ardleibhéil a leathnú, scála agus éifeachtúlacht bonn monaraíochta táirgí speisialtachta a bhfuil acmhainneacht aon mhilliún tona acu a fheabhsú a thuilleadh, agus dlús a chur le tógáil bonn monaraíochta táirgí ceimiceacha a mbeidh acmhainneacht aon mhilliún tona acu; [chun] acmhainní aramatacha a chomhtháthú agus a bharrfheabhsú, nascadh go gníomhach le tionscail amhail plaistigh agus rubar, agus slabhraí tionsclaíocha táirgí próiseála peitriceimiceán a chruthú lena n-áirítear comhdhúile aramatacha C2, C3, C4, C5, tolúéine, C8, agus C9, lena gcuirfear claochlú agus forbairt chun cinn i dtreo chomhtháthú an scagtha, thionscal na gceimiceán agus táirgí speisialtachta.'* Go sonrach, a mhéid a bhaineann le Tionscadal Qianjiang um Uasghrádú Ola agus Domhainphróiseáil, féachtar sa phlean le *'ceimiceáin aramatacha a fhorbairt go gníomhach,* [...] *agus le feabhas a chur ar an slabhra tionsclaíoch peitriceimiceán agus é a leathnú* ([76])*'*.

(119) Tá Hubei Greenhome Materials Technology ([77]) nó Wuhan Youji ([78]) araon lonnaithe in Hubei, agus tá aonad táirgthe alcóil beinsile ag Wuhan Youji atá lonnaithe in Qianjiang ([79]).

(120) Thairis sin, is fiontar náisiúnta 'fathach beag ([80])' é Hubei Greenhome Materials Technology. Sainmhíníonn Rialtas na Síne 'fathaigh bheaga' mar *'scothaicmí núíosacha d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na Síne a ghabhann don mhonaraíocht, a dhéanann speisialtóireacht i margadh nideoige agus a bhfuil teicneolaíochtaí úrscothacha acu'* agus tá sé beartaithe aici *'an tacaíocht do "fhathaigh bheaga" a mhéadú le linn na tréimhse 2024-2026, agus aird á díriú ar phríomhshlabhraí tionsclaíocha, ar thionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn agus ar earnálacha eile. Úsáidfear na cistí sin chun na gnólachtaí sin a spreagadh chun dul i ngleic le dúshláin theicneolaíocha, táirgí nua a fhorbairt, acmhainneachtaí tacaíochta an tslabhra thionsclaíoch a fhorbairt, agus tacú le rialtais áitiúla 'fathaigh bheaga' a chothú* ([81]). Thairis sin, le 14ú Plean Cúig Bliana Shandong maidir le forbairt thionscal na gceimiceán ([82]), iarrtar ar na húdaráis áitiúla '[m]*éadú a dhéanamh ar aistriú teicneolaíoch na bhfiontar atá ann cheana, feabhas a chur ar éifeachtúlacht úsáide fuinnimh agus acmhainní agus croí-iomaíochas na bhfiontar a fheabhsú* [agus chun] *sásra a bhunú d'fhiontair chun tarraingt siar ó pháirceanna tionsclaíochta, deireadh a chur go diongbháilte le hacmhainneacht táirgeachta atá dulta as feidhm, acmhainneacht táirgeachta shrianta a rialú go docht, agus beartais agus bearta difreáilte a chur chun feidhme maidir le leithdháileadh tosca acmhainní amhail talamh, leictreachas agus uisce chun iallach a chur ar fhiontair aistriú agus forbairt a dhéanamh*'. Iarrtar leis freisin go ndéanfaí '[m]*éadú ar an tacaíocht airgeadais. Dreasachtaí beartais fhioscaigh a neartú, cistí speisialta a*

([73]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/yj/art/2022/art_4ef438217a4548cb98c2d7f4f091d72e.html (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([74]) Féach: https://jxt.hubei.gov.cn/fbjd/xxgkml/jhgh/202203/t20220325_4056642.shtml (arna rochtain an 19 Bealtaine 2026).
([75]) Féach: https://jxt.hubei.gov.cn/fbjd/xxgkml/jhgh/202209/t20220906_4295137.shtml (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([76]) Ibid.
([77]) Féach: http://www.greenhomechem.com/, (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([78]) Féach: https://www.chinaorganic.com/ (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([79]) Féach: https://en.chinaorganic.com/base/3.html (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([80]) Féach: https://jxt.hubei.gov.cn/bmdt/szgz/202103/t20210329_3426767.shtml, (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([81]) Féach: https://english.www.gov.cn/news/202406/19/content_WS6672c84ac6d0868f4e8e8531.html#:~:text=China%20will%20scale%20up%20support,of%20Industry%20and%20Information%20Technology, (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).
([82]) Féach: http://gxt.shandong.gov.cn/module/download/downfile.jsp?classid=0&filename=17e54531cb74483596b5cca1a40ec8d8.pdf (arna rochtain an 23 Márta 2026).

chomhordú agus rannpháirt a thabhairt dóibh, tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí ceimiceán dlús a chur leis an gclaochlú teicneolaíoch, le claochlú cliste, le haistrithe tionsclaíocha, le hathlonnú i bpáirceanna tionsclaíochta, le deireadh a chur le trealamh atá dulta as feidhm, etc., agus díolúintí cánach a chur chun feidhme a mbeidh feidhm acu maidir le hallmhairí mórthrealaimh theicniúil, aisíocaíochtaí CBL agus beartais taighde agus forbartha amhail asbhaint bhreise costas agus cúitimh árachais i leith na chéad sraithe de threalamh teicniúil. Institiúidí airgeadais éagsúla agus caipiteal sóisialta a threorú go gníomhach chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscal na gceimiceán, na buntáistí a bhaineann le maoiniú beartais, maoiniú forbraíochta agus airgeadas tráchtála a ghiaráil, agus an tacaíocht airgeadais do phríomhréimsí teicneolaíochta ceimicí a mhéadú'.

(121) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha agus na táirgí iartheachtacha.

(122) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

3.2.2.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(123) De réir na faisnéise atá ann ar an gcomhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach ar bhonn leordhóthanach amhail éilimh agus fiacha a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiúchán córasach ina shaintréith de chóras na Síne.

(124) Tá an líon féimheachtaí fós thar a bheith íseal i gcomparáid le méid gheilleagar na tíre, go háirithe toisc go mbíonn roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, agus go bhfeidhmíonn na himeachtaí sin go héifeachtach mar dhídhreasú i gcomhair comhdú féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, is minic a imríonn an ról sin tionchar díreach ar thoradh na n-imeachtaí ([83]).

(125) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([84]). Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh tuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht stáit) agus is ar an Stát amháin a bhraitheann leithdháileadh na talún fós. Tá forálacha dlíthiúla ann arb é is aidhm dóibh cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([85]). Thairis sin, is minic a thugann na húdaráis faoi spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus talamh á leithdháileadh acu ([86]).

(126) Dála earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin san earnáil alcóil beinsile. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin.

(127) I bhfianaise an mhéid sin thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

([83]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([84]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([85]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([86]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 252-254.

3.2.2.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá

(128) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar chearta oibrithe agus fostóirí maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin fíor-riachtanacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([87]).

(129) Faoin dlí náisiúnta, níl ach ceardchumann ghníomhach amháin ann. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis stáit agus ní dhéanann sí ach obair an-bhunúsach maidir le cómhargáil agus cearta oibrithe a chosaint ([88]). Thairis sin, tá soghluaisteacht lucht saothair na Síne srianta mar gheall ar chóras clárúcháin na dteaghlach, ar córas é a chuireann srian ar rochtain ar raon iomlán sochar slándála sóisialta agus sochar eile do chónaitheoirí áitiúla i limistéar áirithe riaracháin.

(130) Fágann sé sin go bhfuil oibrithe nach bhfuil an clárú cónaithe áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach ó thaobh fostaíochta de, agus iad ar ioncam níos ísle ná sealbhóirí an chlárúcháin cónaithe ([89]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais pá sa tSín.

(131) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an earnáil alcóil beinsile faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar a dtugtar tuairisc. Leis an saobhadh ar chostais phá, déantar difear díreach dá réir sin don earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.2.2.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát.'

(132) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cineálacha saofa éagsúla.

(133) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht stáit i gcóras airgeadais na Síne ([90]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála na gcuideachtaí neamhairgeadais atá faoi úinéireacht Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne ar deireadh thiar a cheapann príomhfheidhmeannaigh na n-institiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht stáit) ([91]) agus is gnách leo beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme.

(134) Agus an méid sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc oibleagáid dhlíthiúil shainráite maidir lena ngnó a sheoladh i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta, idir eacnamaíoch agus sóisialta, agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an stáit ([92]). Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tá faisnéis dhobhréagnaithe ann, lena n-áirítear torthaí in imscrúduithe cosanta trádála, a thugann le fios nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin maidir le cur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(135) Léiríonn forbairtí le déanaí a mhéid a imríonn an rialtas tionchar ar institiúidí airgeadais sa tSín. I mí an Mhárta 2025, d'fhógair Rialtas na Síne eisiúint CNY 500 billiún i mbannaí státchiste chun tacaíocht airgeadais nach beag a sholáthar do bhainc mhóra, lena n-áirítear Bank of China, China Construction Bank, Bank of Communications agus Postal Savings Bank of China. Ba é ab aidhm don idirghabháil sin na hinstitiúidí sin a chobhsú agus brabúsacht ag dul i laghad agus glanchorrlaigh úis ní b'ísle ná riamh, rud a chuir i dtábhacht na bearta réamhghníomhacha a rinne an stát chun cobhsaíocht eacnamaíoch a choinneáil ar bun ([93]).

([87]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([88]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 366.
([89]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 370-373.
([90]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([91]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 146-149.
([92]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 149.
([93]) Tacaíocht *ad hoc* Rialtas na Síne do Bhainc,' Fógra oifigiúil, an Aireacht Airgeadais, an tSín, an 29 Márta 2025 https://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202503/t20250329_3961036.htm (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).

(136) Chomh maith leis sin, shoiléirigh Rialtas na Síne freisin nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne formhaoirseacht a dhéanamh ar chinntí na mbanc tráchtála príobháideach fiú agus na cinntí sin a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de na trí sprioc uileghabhálacha de chuid an Stáit anois maidir le rialachas baincéireachta, ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([94]). Chomh maith leis sin, is gá a chur san áireamh anois i critéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi a ndéanann eintitis 'freastal ar na cuspóirí náisiúnta forbartha agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe ar an gcaoi 'a bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá i mbéal forbartha' ([95]).

(137) Ina theannta sin, ar leibhéal leithdháilte na n-acmhainní airgeadais, le roinnt Beart chun Forbairt na hInfheistíochta Príobháidí a Chur Chun Cinn a Thuilleadh, ([96]) féachann Rialtas na Síne le 'hacmhainní buiséid lárnacha a mhéadú chun tacú le tionscadail infheistíochta príobháidí cháilithe agus ról treorach agus ceannasach a imirt go gníomhach'. Tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne freisin 'dea-úsáid a bhaint as ionstraimí airgeadais beartais nua [agus] tacú le roinnt tionscadal infheistíochta príobháidí cháilithe i dtionscail thábhachtacha agus i bpríomhréimsí' ([97]).

(138) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca, agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([98]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar ag spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([99]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí faoi úinéireacht Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht chaipitil agus costas an chaipitil do na gníomhaithe uile ar an margadh.

(139) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach n-oibríonn na sásraí atá ann sa chóras baincéireachta de réir gnáthfhreagairtí tráchtála.

(140) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach iad faoi thionchar saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas. Maidir leis an sciar den iasachtú de réir an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is é a bhí i gceist leis aon trian ar a laghad den iasachtú ar fad ag deireadh 2018 ([100]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr an Páirtí 'ráta úis don mhargadh iasachtaí a threorú thíos' ([101]). De thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(141) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtúlaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud a mbeadh coinne leis i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, sin nó úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh deireadh curtha le fadhb fhoriomlán an fhiachais ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

([94]) Féach an doiciméad oifigiúil beartais ó Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta 3 bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)*: http://www.hunan.gov.cn/zqt/zcsd/202009/t20200914_13727273.html
(arna rochtain an 20 Bealtaine 2026). Tugtar treoir sa Phlean '*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta* […] *Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh maidir leo*'.

([95]) Féach *Fógra CBIRC maidir leis an modh meastóireachta ar fheidhmíocht na mbanc tráchtála*, a eisíodh an 15 Nollaig 2020: https://www.beijing.gov.cn/zhengce/zhengcefagui/qtwj/202204/t20220407_2656358.html (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).

([96]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/202511/content_7047643.htm (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).

([97]) Ibid, Roinn 11.

([98]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 157-158.

([99]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

([100]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).

([101]) http://www.mof.gov.cn/zhengwuxinxi/caizhengxinwen/202006/t20200618_3534446.htm
(arna rochtain an 20 Bealtaine 2026).

(142) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil mhór rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(143) Níor cuireadh isteach aon fhianaise san imscrúdú sin a léireodh nach gcuireann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais isteach ar earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil mhór rialtais sa chóras airgeadais, cuirtear isteach go mór ar dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.2.3. *Cineál sistéamach an tsaofa a dtugtar tuairisc air*

(144) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a dtugtar tuairisc air sa Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go bhfuil feidhm ag fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a shonraítear thuas agus i gCuid I den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta.

(145) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe seo. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais pleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe in aithrisí (71) - (143). Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí alcóil beinsile faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(146) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a shonraítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil a tugadh cothrom le dáta.

(147) Go deimhin, faightear na hidirghabhálacha ón rialtas a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh atá maidir le hionchur an ionchuir agus mar sin de.

(148) Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.2.4. *Tír ionadaíoch*

3.2.4.1. Barúlacha ginearálta

(149) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([102]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

([102]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Ard-Mheánioncam, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

— Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(150) Mar a mhínítear in aithrisí (31) agus (32), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta don chomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh. Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.2.4.2. Rogha na tíre ionadaíche

(151) Tar éis an chéad nóta, mhol an táirgeoir onnmhairiúcháin Qianjiang Xinyihong an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch, bunaithe ar ráitis airgeadais a bheith ar fáil go héasca a léiríonn brabúsacht réasúnta. Dúirt Qianjiang Xinyihong freisin nach raibh na praghsanna amhábhar agus fuinnimh sa Bhrasaíl chomh luaineach céanna leis na praghsanna sa Tuirc.

(152) Maidir leis an gcéad nóta agus an dara nóta, cheistigh an táirgeoir onnmhairiúcháin Hubei Greenhome rogha na Tuirce mar thír ionadaíoch toisc gur boilscíodh praghsanna allmhairiúcháin tolúéine ó tharla scéim ceadúnúcháin a bheith ann le haghaidh allmhairí tolúéine agus ós rud é gur allmhairíodh tolúéin nach mór go heisiach ó Bhallstáit an Aontais, a bhfuil geilleagair ardioncaim ag gach ceann acu. Dúirt Hubei Greenhome freisin go raibh praghsanna allmhairiúcháin tolúéine i bhfad ró-ard i gcoibhnéis le margaí eile (lena n-áirítear na tíortha ionadaíocha a mhol an Coimisiún) agus, dá bhrí sin, nárbh iomchuí iad mar thoisc tháirgeachta chun gnáthluach an alcóil beinsile a ríomh.

(153) Thug na gearánaigh dá n-aire go bhfuil praghsanna allmhairiúcháin tolúéine agus carbónáite sóidiam isteach san Indinéis agus sa Mhalaeisia mórán ar aon dul le meánphraghsanna allmhairiúcháin na Síne, toisc gur de thionscnamh na Síne sciar mór díobh. Leag na gearánaigh amach an méid a luaigh an Coimisiún cheana féin sa chéad nóta, is é sin, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, gurbh é 27 % agus 59 % sciar na Síne de mhéid iomlán na n-allmhairí tolúéine san Indinéis agus sa Mhalaeisia faoi seach agus gurbh é 24,8 % agus 24,9 % sciar na Síne de mhéid iomlán na n-allmhairí carbónáite sóidiam san Indinéis agus sa Mhalaeisia faoi seach.

(154) Chuir na gearánaigh i dtábhacht freisin gur allmhairigh an Tuirc 58 288 dtona tolúéine le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus níor allmhairigh an Bhrasaíl ach 7 438 dtona an tráth céanna. Thug na gearánaigh dá n-aire go bhfágann na méideanna móra allmhairí sin sa Tuirc go n-áirithítear bonn níos ionadaíche agus níos iontaofa chun praghsanna neamhshaofa tolúéine a shuí, arb iad atá sa chuid is mó de chostas an táirge lena mbaineann.

(155) Mar fhreagairt ar bharúlacha na ngearánach, d'agair Hubei Greenhome nár cheart an Indinéis a dhíbhe mar thír ionadaíoch díreach ar an ábhar gur de thionscnamh na Síne 27 % de na hallmhairí tolúéine uile agus 24,8 % de na hallmhairí carbónáite sóidiam uile. Mheabhraigh Hubei Greenhome go mbíonn an Coimisiún ag brath de ghnáth ar phraghsanna allmhairiúcháin i gcás inar allmhairigh an tír ionadaíoch níos lú ná 50 % d'amhábhar ar leith ón tSín.

(156) Thairis sin, d'easaontaigh Hubei Greenhome leis an argóint a rinne na gearánaigh ar son an Tuirc a roghnú in áit na Brasaíle, rud atá bunaithe go hiomlán ar an difríocht sna méideanna allmhairí idir an Tuirc agus an Bhrasaíl le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thug Hubei Greenhome le tuiscint gurb é ba chúis le méid mór na n-allmhairí isteach sa Tuirc an táirgeadh intíre tolúéine a bheith lag. De réir Hubei Greenhome, ní chiallaíonn leibhéal níos ísle cainníochtaí allmhairiúcháin (mar a thugtar faoi deara sa Bhrasaíl) go huathoibríoch go bhfuil praghsanna neamhionadaíoch, ná nach praghsanna margaidh iad.

(157) Maidir leis na difríochtaí ó thaobh luaineacht agus leibhéal na bpraghsanna allmhairiúcháin tolúéine de sa Tuirc ar thaobh amháin agus sna ceithre thír bheartaithe eile ar an taobh eile, mar a mhaígh Qianjiang Xinyihong agus Hubei Greenhome (féach aithrisí (151) agus (152)), thug an Coimisiún faoi deara, mar a tharlaíonn sé, go raibh praghsanna allmhairiúcháin tolúéine in aghaidh an chileagraim do na cúig thír bheartaithe faoi seach i raon dlúth idir CNY 5,64 agus 7,00 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I ndáil leis sin, ní aontaíonn an Coimisiún le Hubei Greenhome maidir leis an líomhain go raibh praghsanna allmhairiúcháin tolúéine don Tuirc thar a bheith ard i

gcomparáid le margaí eile. Thairis sin, is cosúil nach dtacaíonn an difríocht phraghais idir an Tuirc agus an Bhrasaíl (CNY 7,00 *versus* CNY 6,57/kg, atá thart ar dhifríocht 6 %) le toimhde Hubei Greenhome gur boilscíodh praghsanna de dheasca na scéime ceadúnúcháin is infheidhme maidir le hallmhairí nó de dheasca sciar láidir d'allmhairí tolúéine na Tuirce a bheith de thionscnamh an Aontais, mar a líomhnaíodh. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil scéim ceadúnúcháin tolúéine ag an mBrasaíl freisin maidir le hallmhairí agus onnmhairí i bhfeidhm. Diúltaíodh do mhaíomh Hubei Greenhome dá réir sin.

(158) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire gur as tír amháin, an Airgintín, a thagann 99,5 % d'allmhairí tolúéine isteach sa Bhrasaíl, murab ionann agus na hallmhairí isteach sa Tuirc. Ina theannta sin, d'fhorchuir an Airgintín cáin 4,5 % ar onnmhairí tolúéine chuig tíortha eile, lena n-áirítear an Bhrasaíl.

(159) Maidir leis an sciar de mhéideanna allmhairí na Síne (féach maíomh Hubei Greenhome faoi aithris (156)), soiléiríonn an Coimisiún, fiú dá mba rud é i gcásanna áirithe nach bhfágfadh sciar thart ar 25 % de na hallmhairí sin nach nglacfaí leis an tír ionadaíoch lena mbaineann, gur cheart tosaíocht a thabhairt go ginearálta do thíortha ionadaíocha a bhfuil allmhairí amhábhar acu a suitear ina leith nach bhfuil siad saofa ag allmhairí ón tSín. Mar atá sa chás seo, ós rud é nár thuairiscigh an Tuirc allmhairí tolúéine ar bith ón tSín, ba cheart tosaíocht a thabhairt don Tuirc ar na tíortha a thuairiscigh allmhairí ón tSín.

3.2.4.3. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín

(160) Sa chéad nóta, mhínigh an Coimisiún gur cosúil nach dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú ach sna Stáit Aontaithe agus san India, nach bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche ag ceachtar acu atá cosúil leis an tSín i gcomhréir leis na critéir a luaitear in aithris (149) thuas. Bhunaigh an Coimisiún a thaighde breise ar thíortha ina dtáirgtear táirgí ceimiceacha orgánacha (a aicmítear faoi chód NACE 2014). Ar an mbonn sin, sainaithníodh an Bhrasaíl, an Indinéis, an Mhalaeisia, Meicsiceo agus an Tuirc mar thíortha a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche acu atá cosúil leis an leibhéal sa tSín de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad uile mar thíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta, ar tíortha iad arb eol go dtáirgtear táirgí ceimiceacha orgánacha iontu.

(161) D'aontaigh Hubei Greenhome leis an gCoimisiún gur cheart tír ard-mheánioncaim a bhfuil allmhairí tolúéine agus carbónáite sóidiam aici a roghnú mar thír ionadaíoch, agus gur chomhlíon na cúig thír bheartaithe na critéir sin. Mar sin féin, chuir an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte in iúl gurbh fhearr leo go roghnófaí an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch, go príomha i bhfianaise an Bhrasaíl a bheith rangaithe níos fearr ó thaobh leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil de ná an Tuirc, mar shampla.

(162) Sa chéad nóta, mhínigh an Coimisiún nach cosúil nach dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú ach amháin i dtíortha nach tír í aon cheann acu a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil leis an tSín i gcomhréir leis na critéir a luaitear in aithris (149).

(163) Dá bhrí sin, thug an Coimisiún le fios go n-úsáidfeadh sé táirgí ceimiceacha a aicmítear faoi chód NACE 2014, lena gcumhdaítear táirgeoirí atá gníomhach i dtionscal na dtáirgí ceimiceacha orgánacha, chun tír ionadaíoch iomchuí a shuí chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.4.4. Gur ann do shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch

(164) Mar a cuireadh in iúl sa Chéad Nóta, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún teacht ar shonraí airgeadais a bhaineann leis an mbliain 2024 ó aon táirgeoir Meicsiceach, atá gníomhach i dtionscal na gceimiceán orgánach, a mhonaraíonn táirgí ceimiceacha a thagann faoi chód NACE 2014. Os a choinne sin, bhí an Coimisiún in ann teacht ar shonraí den sórt sin maidir le 2 tháirgeoir san Indinéis, táirgeoir amháin sa Mhalaeisia, 6 tháirgeoir sa Bhrasaíl agus 7 dtáirgeoir sa Tuirc.

(165) I bhfianaise na mbreithnithe thuas in éineacht leis an bhfíoras gur thuairiscigh an Tuirc an méid is mó i bhfad d'allmhairí tolúéine, nár suíodh ina theannta sin go raibh siad saofa ag allmhairí ón tSín, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an Dara Nóta go raibh sé beartaithe aige an Tuirc a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú chun gnáthluach a ríomh.

(166) Go sonrach, fuair an Coimisiún sonraí airgeadais maidir le 38 dtáirgeoir sa Tuirc laistigh den chatagóir mhonaraíochta chéanna le halcól beinsile, i.e. Cód NACE C2014 ('Monarú buncheimiceán orgánach eile') ([103]).

(167) Rinne an Coimisiún anailís ar shonraí airgeadais na 38 gcuideachta Thurcacha a bhí ar fáil go héasca agus shuigh sé go raibh sonraí neamhiomlána ag 26 acu agus go raibh ceann amháin acu ag tabhú caillteanais. Dá bhrí sin, níor mheas sé ach an 11 chuideachta a bhfuil corrlach brabúis dearfach acu. Liostaíodh na sonraí airgeadais a bhaineann leis an 11 táirgeoir sin in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an dara nóta ([104]).

(168) Ar bhonn shonraí airgeadais an aon chuideachta déag thuas, shuigh an Coimisiún meánráta ualaithe costas SGA 25,56 % agus corrlach brabúis 11,22 %.

(169) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht na Tuirce mar thír ionadaíoch agus ar an 11 chuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an dara nóta mar tháirgeoirí sa tír ionadaíoch, agus ar eilimintí eile den nóta.

(170) Tar éis an dara nóta, mhaígh Hubei Greenhome gur cheart don Choimisiún a bheith ag brath ar ráitis airgeadais Aksa Akrilik Kimya Sanayii A.Ş. (Aksa Akrilik), ar táirgeoir snáithín aicrileach de chuid na Tuirce é, nó Türkiye Petrol Rafinerileri A.Ş. (Tüpraş), ar táirgeoir peitriceimiceán de chuid na Tuirce é, seachas a bheith ag brath ar shonraí Orbis a sholáthraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an dara móta. Na sonraí ó Orbis a bhaineann leis an 11 chuideachta Thurcacha, ní sholáthróidís aon mhionsonraí maidir leis na cuideachtaí a roghnaigh an Coimisiún. Thairis sin, thagair Hubei Greenhome do chás frithdhumpála roimhe seo, inar roghnaigh an Coimisiún cuideachta lasmuigh den chód NACE is infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin toisc gur rogha ní b'iomchuí a tháinig as ([105]).

(171) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Bhí fíorais bhunúsacha an cháis a luaigh Hubei Greenhome éagsúil leis an gcás atá ann faoi láthair agus tá an cur chuige a glacadh i gcomhréir le ceanglais an bhun-Rialacháin. Mar ghnáthchleachtas, roghnaíonn an Coimisiún cuideachtaí iomchuí chun costais SGA agus brabúis a chinneadh ionas go ríomhfar gnáthluachanna bunaithe ar chód NACE ar leith. Ní raibh aon chúis shoiléir ann nach leanfadh an Coimisiún an gnáthchleachtas sin sa chás seo, trí bheith ag brath ar na cuideachtaí iomchuí a fhaightear sa Tuirc faoi chód NACE 2014.

(172) Thairis sin, mhaígh Hubei Greenhome gur cheart don Choimisiún cuideachtaí a bhaint den roghnú faoi chód NACE 2014, ar ina leith a áiríodh costais mhíchuí sa mhír líne le haghaidh costais oibriúcháin, i.e. costais SGA. I ndáil leis sin, thagair Hubei Greenhome don chéad nóta, inar thug an Coimisiún neamhaird ar chuideachtaí a bhfuil a gcostais SGA níos airde ná mar is gnách. Sa dara nóta, cuireadh Tarimsal Kimya Teknolojileri Sanayi ve Ticaret Anonim Sirketi ('Tarkim') ar ais le liosta na dtáirgeoirí ionadaíocha tar éis don Choimisiún a shuí 'gur measadh go raibh na costais SGA agus na rátaí brabúis uile a tuairiscíodh réasúnta'. Ós rud é go bhfuil costais SGA Tarkim níos airde ná an leathchuid de chostas na n-earraí a dhíolann sé, cóimheas atá beagnach dhá oiread chóimheas gach táirgeora eile a áirítear i sonraí Orbis seachas ceann amháin, ba cheart don Choimisiún Tarkim a eisiamh ó liosta na dtáirgeoirí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar chostais SGA. Ba cheart don Choimisiún déanamh amhlaidh i gcás Hurkimsa Kimya Sanayi ve Ticaret Anonim Sirketi, arb é an dara cuideachta a cuireadh an athuair leis an ngrúpa táirgeoirí ionadaíocha. Shonraigh Hubei Greenhome go gcoinníonn Tarkim a fhlít iompair féin ar bun agus gur dócha go soláthraíonn sé sainseirbhísí iompair do chustaiméirí mar chuid dá chostais oibriúcháin. Níor cheart na speansais sin a léiriú sna costais SGA toisc gur cheart an gnáthluach ríofa a bheith ina léiriú ar an leibhéal costas díreach ón monarcha, i.e. gan costais iompair.

([103]) EUROPA - Iomaíochas - Liosta cód NACE.

([104]) Tugadh liosta na dtáirgeoirí cothrom le dáta idir an chéad nóta agus an dara nóta mar gheall ar athaicmiú gníomhaíochtaí ag Orbis, ar uaidh a tháinig an fhaisnéis airgeadais.

([105]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/114 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2026 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí alúmana chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2026/114, 16.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/114/oj), in aithris 70 ina luaitear '[go ndearna] an Coimisiún athmheasúnú ar a roghnú chun cuideachtaí a shainaithint a bhfuil gníomhaíochtaí acu atá níos inchomparáide go teicniúil agus go heacnamaíoch le táirgeadh alúmana chomhleáite, fiú má aicmítear iad faoi chód NACE 24.1 atá éagsúil ach gaolmhar'.

(173) Mar fhreagairt ar an maíomh faoi aithris (172), thug an Coimisiún dá aire gurb é is dual d'imeachtaí frithdhumpála go bhféadfadh na breithnithe agus na conclúidí a thagann astu athrú ó chéim go céim. Tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar roghnú na gcuideachtaí sa tír ionadaíoch roghnaithe, shuigh an Coimisiún nach raibh aon fhoras oibiachtúil ann chun diúltú don dá chuideachta a cuireadh leis an liosta an athuair i bhfianaise leibhéal a gcostas SGA. Thairis sin, i measc an 11 chuideachta a liostaítear san fhonóta a ghabhann le haithris (32), tá cuideachtaí ann a bhfuil costais SGA agus rátaí brabúis réasúnta íseal acu, rud a léiríonn go ndearna an Coimisiún meán ualaithe na gcostas SGA agus an bhrabúis a ríomh bunaithe ar chritéir oibiachtúla amhail aicmiú faoi NACE 2014. Ina theannta sin, agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar roghnú na gcuideachtaí sa tír ionadaíoch a roghnaíodh, chinn an Coimisiún go raibh rátaí iolraithe chostais SGA agus bhrabúis gach ceann den aon chuideachta déag laistigh de ghnáthraonta. Ar deireadh, sa mhaíomh sin, bhí Hubei Greenhome ag brath inter alia ar an toimhde go soláthraítear sainseirbhísí iompair do chustaiméirí mar chuid de chostais oibriúcháin Tarkim. Ní raibh bunús, dá bhrí sin, leis an gcuid sin den mhaíomh ar a laghad. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(174) Tar éis an dara nóta, d'athdhearbhaigh Hubei Greenhome a easaontas maidir le roghnú na Tuirce mar thír ionadaíoch, agus ina hionad mhol sé an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch. D'admhaigh Hubei Greenhome gur thuairiscigh an Tuirc méideanna níos mó allmhairí tolúéine ná mar a thuairiscigh an Bhrasaíl ach ba dhóigh leis gur thacaigh tosca eile le roghnú na Brasaíle, go háirithe a feidhmíocht níos fearr maidir leis an leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil. I ndáil leis sin, thagair Hubei Greenhome d'Airteagal 2(6a)(a), an dara fomhír, an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, lena bhforáiltear, i gcás ina mbeidh níos mó ná tír amháin a d'fhéadfadh a bheith ionadaíoch oiriúnach, go dtabharfar tosaíocht, i gcás inarb iomchuí, do thíortha a bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil acu.

(175) Mheas an Coimisiún go bhfuil réasúnaíocht Hubei Greenhome lochtach. Ar na cúiseanna uile a luaitear thuas ó aithris (149) agus ina dhiaidh sin, agus ós rud é gurb é tolúéin an príomh-amhábhar is gá chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh, measann an Coimisiún gur toisc bhreise é méid na n-allmhairí isteach i ngach tír ionadaíoch chun teacht ar chonclúid maidir le rogha na tíre ionadaíche. Go deimhin, bhí allmhairí ábhartha tolúéine na Tuirce, nach raibh aon chuid díobh de thionscnamh na Síne, na Rúise ná aon tír nach comhalta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála í, níos mó ná seacht n-oiread allmhairí na Brasaíle. Ar a bhonn sin, dheimhnigh an Coimisiún rogha na Tuirce thar an mBrasaíl.

3.2.4.5. Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil

(176) Mar a mhínítear thuas, mheas an Coimisiún ar dtús cúig thír ionadaíocha fhéideartha: An Bhrasaíl, an Indinéis, an Mhalaeisia, Meicsiceo agus an Tuirc. Mar a luaitear in aithris (153), fuarthas amach nach tíortha ionadaíocha iomchuí iad an Indinéis agus an Mhalaeisia sa chás seo toisc gur allmhairigh an dá cheann méideanna móra tolúéine agus carbónáite sóidiam ón tSín. Dá bhrí sin, fuarthas amach go raibh allmhairí iomlána an dá mhór-amhábhar sin saofa mar a léirítear leis na meánphraghsanna allmhairiúcháin a bheith gar don phraghas allmhairiúcháin comhfhreagrach ón tSín. Mar a mhínítear in aithris (164), fuarthas amach nach raibh Meicsiceo ina thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo toisc go bhfuarthas amach nach raibh sonraí ábhartha ar fáil go héasca ag aon táirgeoir Meicsiceach a dhéanann táirgí ceimiceacha a thagann faoi chód NACE 2014. Mar a mhínítear in aithris (175), níor measadh gur tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl i bhfianaise na méideanna allmhairí tolúéine réasúnta íseal. Dá bhrí sin, ba í an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí.

(177) Tar éis a shuí gurbh í an Tuirc an t-aon tír ionadaíoch iomchuí, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.4.6. Conclúid

(178) I bhfianaise na hanailíse thuas, níor chomhlíon ach an Tuirc na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.2.5. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(179) Sa chéad nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go héasca a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(180) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé sonraí arna bhfoilsiú ag Institiúid Staidrimh na Tuirce agus ag Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh na Tuirce chun costais neamhshaofa saothair agus fuinnimh a shuí.

3.2.5.1. Tosca táirgeachta

(181) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta an táirge faoi imscrúdú

Toisc tháirgeachta	Cóid Tráchtearra	Foinse sonraí atá beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid	Luach (CNY) ([106])	Aonad tomhais
Amhábhair				
Tolúéin	2902 30	Atlas Trádála Domhanda (GTA) ([107])	7,00	Kg
Carbónáit sóidiam	2836 20	Atlas Trádála Domhanda (GTA)	1,99	Kg
Tomhaltáin ([108]) (Clóirín Leachtach, Sóid Loiscneach Leachtach agus Cuineoilín)				
Saothar				
Saothar	[neamhbhaint-each]	Institiúid Staidrimh na Tuirce ([109])	89,64	Uair oibre
Fuinneamh				
Leictreachas	[neamhbhaint-each]	Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh na Tuirce ([110])	0,66	kWh
Gás nádúrtha	[neamhbhaint-each]	Institiúid Staidrimh na Tuirce	4,63	m3
Gal	[neamhbhaint-each]	Institiúid Staidrimh na Tuirce	501,61 ([111])	tona
Gual	2701 12 90	Atlas Trádála Domhanda (GTA)	0,78	Kg
Seachtháirge				
Éitear débheinsile	2909 30 90 90	Atlas Trádála Domhanda (GTA)	12,62	Kg

([106]) Shainaithin an Coimisiún roinnt neamhréireachtaí idir an dara nóta agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis. Soláthraíodh na luachanna cearta ar dtús sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an dara nóta agus i dTábla 1 thuas.

([107]) https://connect.spglobal.com/.

([108]) Sa dara nóta, luadh clóirín leachtach go hearráideach le tomhaltáin agus leis na tosca táirgeachta in Iarscríbhinn I araon. Is mar thomhaltán a dhéileáiltear le clóirín leachtach.

([109]) http://www.turkstat.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh an tInnéacs Praghsanna Táirgeoirí.

([110]) epdk.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh cinntí Bhord an Mhargaidh Leictreachais.

([111]) Rinneadh earráid chléireachais sa dara nóta agus tagarmharc na gaile á ríomh. Suíodh tagarmharc na gaile ag CNY 501,61/tona.

(182) Tar éis bharúlacha na ngearánach maidir leis an dara nóta, d'iarr Hubei Greenhome go n-úsáidfeadh an Coimisiún an tagarmharc neamhshaofa le haghaidh gual neamhchóic (gual teirmeach) mar a úsáideann Hubei Greenhome ina phróiseas táirgthe, agus ní an tagarmharc neamhshaofa le haghaidh gual biotúmanach a n-áirítear ann gual cóic a úsáidtear chun cruach a dhéanamh (agus atá níos costasaí dá réir). Ghlac an Coimisiún le maíomh Hubei Greenhome, toisc go bhfuarthas amach go n-úsáidtear an cineál guail sin go coitianta le haghaidh próisis téimh i monarú táirgí ceimiceacha.

(183) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, d'úsáid an Coimisiún na sonraí fíoraithe a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus chuir sé costais taighde agus forbartha le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin leo ó tharla gur thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin iad agus gur choinnigh siad cuntas orthu.

(184) Maidir leis an dara nóta, mhaígh Hubei Greenhome gur cheart costais taighde agus forbartha a athghrúpáil faoi chostais SGA toisc go n-aicmítear iad go ginearálta faoi chostais SGA den sórt sin faoi Dhlí Cuntasaíochta na Tuirce. Dá mbeadh an Coimisiún ag brath ar chostais SGA 11 mhonaróir ceimiceán de chuid na Tuirce chun an gnáthluach a úsáidtear i ríomhanna dumpála tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne a ríomh, d'fhéadfadh sé go gcomhairfí costais taighde agus forbartha faoi dhó dá ndéanfaí iad a athghrúpáil faoi fhorchostais mhonaraíochta.

(185) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin ar na cúiseanna seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, le rialacha dhlí cuntasaíochta na Tuirce a chuir Hubei Greenhome isteach, ní dhéantar foráil shoiléir maidir le cuntas a choinneáil ar chostais taighde agus forbartha faoi chostais SGA amháin. Ar an dara dul síos, i sonraí an 11 chuideachta a breithníodh, ní dhéantar costais taighde agus forbartha a mhiondealú faoi chostais SGA sna ráitis airgeadais atá ar fáil. Is é sin le rá, níor léirigh Hubei Greenhome gur áiríodh costais T & F sna costais SGA a d'úsáid an Coimisiún chun na rátaí SGA a shuí chun teacht ar mhéideanna réasúnta de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

Amhábhair

(186) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis.

(187) Cinneadh an praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar an meán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([112]).

(188) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid Roinn 3.2.4 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(189) De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(190) An costas iompair arna thabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte as amhábhair a sholáthar, is mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin a shloinn an Coimisiún é agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

([112]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

Saothar

(191) Toisc tháirgeachta is ea saothar a mbaineann idir 1 % agus 2 % den chostas iomlán táirgthe leis. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as na staitisticí a d'fhoilsigh TurkStat, arb iad na staitisticí maidir le costais saothair na Tuirce iad ([113]), chun an pá sa Tuirc a chinneadh agus úsáid á baint as an bhfaisnéis mhionsonraithe maidir le pá san earnáil táirgthe le haghaidh 2022, i gcomhair na gníomhaíochta eacnamaíche faoi chód NACE 2014 – monarú buncheimiceán orgánach, faoina dtagann táirgeadh alcóil beinsile, de réir aicmiú NACE Ath. 2.

(192) Rinneadh an meánluach míosúil a choigeartú go cuí i leith boilsciú agus úsáid á baint as an innéacs praghsanna táirgeoirí intíre mar a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([114]) é chun oiriúnú don tréimhse imscrúdúcháin, ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025. Is é CNY 89,64/uair an chloig an ráta in aghaidh na huaire a fuarthas le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin tar éis innéacsú.

Leictreachas

(193) D'úsáid an Coimisiún na staitisticí maidir le praghsanna leictreachais a d'fhoilsigh EMRA, Údarás Rialála Margaidh Fuinnimh na Tuirce ([115]) ina phreaseisiúintí tráthrialta. D'úsáid an Coimisiún na meánphraghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in CNY/kWh lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún gurb é CNY 0,66/kWh an costas leictreachais le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin.

Gás nádúrtha

(194) D'úsáid an Coimisiún meánphraghsanna an gháis nádúrtha in m^3 ó Institiúid Staidrimh na Tuirce. Coigeartaíodh na praghsanna sin go cuí i leith boilsciú agus úsáid á baint as an Innéacs Praghsanna Táirgeoirí a d'fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce ([116]) chun oiriúnú don tréimhse imscrúdúcháin. Coigeartaíodh an praghas chun CBL 18 % a bhaint, toisc go n-áirítear CBL sa phraghas luaite. Shuigh an Coimisiún gurb é CNY 4,63/m^3 praghas an gháis nádúrtha le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin.

Gal

(195) Shuigh an Coimisiún an tagarmharc le haghaidh gaile ar bhonn an tagarmhairc a ríomhadh le haghaidh gás nádúrtha, ós rud é gurb é an gigigiúl (GJ) an t-aonad tomhais gaile. Tiontaítear 1 GJ amháin ina ghás m^3 bunaithe ar an gcion mmbtu (milliún teas-aonad Briotanach méadrach) a nglactar leis go ginearálta a bheith in 1 GJ ([117]), agus ar an gcion gáis nádúrtha a nglactar leis go ginearálta a bheith in 1 mmbtu ([118]). Is i dtonaí a shloinntear tomhaltas gaile na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, mar sin rinne an Coimisiún coibhéis 1 GJ a thiontú ina tonaí ([119]). Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh dearmad cléireachais san fhoirmle chun GJ a thiontú ina thonaí as ar eascair praghas tagarmhairc gaile mícheart sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta agus, dá bhrí sin, chuir sé leagan athbhreithnithe d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an dara nóta maidir le tosca táirgeachta ar taifead le linn an réamhnochta, rud a cheartaigh an botún. Tríd an tagarmharc le haghaidh gás nádúrtha a chur i bhfeidhm, shuigh an Coimisiún tagarmharc CNY 501,61/tona le haghaidh gaile, mar a chuirtear i láthair i dTábla 1 thuas.

(196) Shainaithin na gearánaigh an dearmad cléireachais i ríomh an tagarmhairc gaile agus d'iarr siad ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an tagarmharc gaile sa Tuirc de réir a chleachtais sheanbhunaithe in imscrúduithe frithdhumpála, amhail trí bheith ag brath ar an modheolaíocht a leag Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe amach.

([113]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/Index?p=Labour-Cost-Statistics-2022-49571.
([114]) TurkStat, Innéacsanna Ionchuir Saothair, Ráithe IV: Mí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag, 2025 - https://veriportali.tuik.gov.tr/en/press/57965.
([115]) epdk.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh cinntí Bhord an Mhargaidh Leictreachais.
([116]) http://www.turkstat.gov.tr => Preaseisiúintí => roghnaigh an tInnéacs Praghsanna Táirgeoirí.
([117]) Tiontaigh GJ go milliun Btu - Tiontú Aonad Tomhais (convertunits.com/from/gigajoule/to/million+Btu).
([118]) Gás Nádúrtha MMBTU Go m3 Agus m3 Go MMBTU Áireamhán + Cairt (learnmetrics.com).
([119]) Tiontaigh GJ go tonaí – Tiontú Aonad Tomhais (convertunits.com/from/gigajoule/to/tons).

(197) Maidir le barúlacha na ngearánach, d'fhreagair Hubei Greenhome, dá ndéanfadh an Coimisiún cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar a ríomhanna le haghaidh an tagarmhairc gaile sa Tuirc, gur cheart dó tagarmharc a ríomh le haghaidh gal arna táirgeadh ó ghual, agus é á mhaíomh gurb é gual seachas gás nádúrtha a úsáideann a sholáthróir gaile chun gal a tháirgeadh. Mar thacaíocht don mhaíomh sin, sholáthair Hubei Greenhome conradh lena sholáthróir gaile maidir le gual a cheannach chun gal a ghiniúint. Mheas an Coimisiún nach raibh an comhaontú díolacháin a soláthraíodh ina chruthúnas ar úsáid deiridh an ghuail a ceannaíodh faoin gcomhaontú sin, ná ina chruthúnas go n-úsáideann an soláthróir gaile gual go heisiach le haghaidh na táirgeachta gaile a dhíolann sé. Ag an gcéim seo den imscrúdú, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh dá bhrí sin.

Gual

(198) Sa chéad nóta, shuigh an Coimisiún tagarmharc CNY 1,01/kg le haghaidh guail, mar a aicmítear faoi chód tráchtearra 2701 12.

(199) Maidir leis an dara nóta, mhaígh Hubei Greenhome gur cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as an gcód is sonraí don ghual a cheannaíonn agus a úsáideann Hubei Greenhome iarbhír chun toisc tháirgeachta an ghuail a luacháil, ar gual neamhchóic é sa chás seo. Tá costas níos airde ag baint le gual cóic (nó 'gual miotalóireachta') ná le gual neamhchóic agus úsáidtear é nach mór go heisiach chun cruach a dhéanamh. Baineann an gual a cheannaigh Hubei Greenhome le táirgeadh fuinnimh, ní le déanamh cruach, agus is léir dá réir sin gur cheart feidhm a bheith ag cód CC 2701 12 90 lena gcumhdaítear gual neamhchóic. D'aontaigh an Coimisiún le réasúnaíocht Hubei Greenhome agus ghlac sé leis an maíomh.

(200) Chinn an Coimisiún allmhairí guail ón Rúis isteach sa tír ionadaíoch a eisiamh mar gheall ar shaobhadh suntasach. Tá gual de thionscnamh na Rúise faoi réir roinnt saofa, amhail beartais déphraghsála, srianta ar amhábhair chriticiúla agus praghsanna díola onnmhairiúcháin lascainithe mar thoradh ar smachtbhannaí idirnáisiúnta lena ndírítear ar onnmhairí guail ón Rúis ([120]). Léirítear é sin freisin ós rud é gur de thionscnamh na Rúise 80 % d'allmhairí guail iomlána na Tuirce ar phraghsanna ísle, rud a thugann ceannasacht d'allmhairí na Rúise ar sholáthróirí eile sa Tuirc agus a bhrúnn praghsanna síos.

Tomhaltáin

(201) I gcás roinnt de na tosca táirgeachta, bhí sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána sa tréimhse imscrúdúcháin i gceist leis na costais iarbhír arna dtabhú ag na táirgeoirí allmhairiúcháin comhoibríocha. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáideadh dóibh siúd ar na ríomhanna maidir leis an gcorrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin.

(202) Ríomh an Coimisiún céatadán na dtomhaltán i gcostas iomlán an táirgthe agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm ar an gcostas táirgthe athríofa bunaithe ar thagarmharcanna.

Seachtháirge

(203) Sa Chéad nóta, shainaithin an Coimisiún cúig sheachtháirge i.e. salann tionsclaíoch, eipeaclóraihidrin amh, hipeaclóirít sóidiam, aigéad hidreaclórach agus éitear débheinsile. Ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir ón dá tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte agus i bhfianaise an sciar ísil de roinnt de na seachtháirgí sainaitheanta amhail salann tionsclaíoch, eipeaclóraihidrin amh, hipeaclóirít sóidiam agus aigéad hidreaclórach i gcostas iomlán an táirgthe, ríomh an Coimisiún céatadán na seachtháirgí sin i gcostas iomlán an táirgthe agus chuir sé an céatadán sin i bhfeidhm maidir leis an gcostas táirgthe athríofa bunaithe ar thagarmharcanna.

(204) Shainaithin an Coimisiún éitear débheinsile mar sheachtháirge a fhaightear ó tháirgeadh an táirge faoi imscrúdú is féidir a dhíol gan tuilleadh próiseála. D'úsáid an Coimisiún na staitisticí allmhairiúcháin ó bhunachar sonraí GTA mar thagarmharc le haghaidh éitear débheinsile. Shuigh an Coimisiún praghas allmhairiúcháin neamhshaofa CNY 12,62/Kg le haghaidh éitear débheinsile.

Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

([120]) Export restrictions on critical raw materials | OECD; Prices and costs – Coal 2025 – Analysis - IEA.

(205) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'*. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(206) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí sin. Mar a luaitear in aithris (182), d'áirigh an Coimisiún sna forchostais mhonaraíochta na costais taighde agus forbartha arna leithdháileadh ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar an tréimhse imscrúdúcháin. Cuireadh an céatadán a bhí mar thoradh air sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(207) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais SGA agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2024 maidir leis an 11 chuideachta Thurcacha atá gníomhach faoi chód NACE 2014 agus a liostaítear i bhfonóta aithris (32), arna mbaint as Orbis.

Ríomh

(208) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(209) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin le linn na gcuairteanna fíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch mar a liostaítear i dTábla 1 thuas.

(210) A luaithe a suíodh an costas monaraíochta neamhshaofa, rinne an Coimisiún measúnú ar chostais SGA agus an brabús leis mar a luaitear in aithrisí (206) agus (207). Cinneadh iad bunaithe ar ráitis airgeadais an 11 chuideachta a liostaítear i mír (203) thuas.

(211) Ansin, chuir an Coimisiún forchostais mhonaraíochta, mar a mhínítear in aithris (210) leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa chun teacht ar na costais táirgthe neamhshaofa.

(212) Chuir an Coimisiún meánchostais ualaithe SGA agus brabús an 11 chuideachta a liostaítear in aithris (203) leis na costais táirgthe a suíodh mar a shonraítear san aithris roimhe seo. Ba é 25,56 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 11,22 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(213) Ós rud é gur onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte uile go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú leis an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.4. **Comparáid**

(214) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal céanna trádála agus difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna a chur san áireamh.

(215) Sa chás atá idir lámha, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála *díreach ón monarcha*. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.4.1. *Coigeartuithe a rinneadh ar an ngnáthluach*

(216) Mar a mhínítear i Roinn 3.2 thuas, suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh chostais SGA agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

(217) Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltais den sórt sin.

3.4.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(218) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: costais lasta, árachais, láimhseála agus luchtaithe agus costais choimhdeacha.

(219) Cuireadh san áireamh na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas creidmheasa, muirir bhainc agus coimisiúin.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(220) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe an táirge chomhchosúil agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe an táirge lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(221) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Hubei Greenhome Materials Technology, Inc.	71,2 %
Qianjiang Xinyihong Organic Chemical Co., Ltd.	52,6 %

(222) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, suíodh an corrlach ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(223) Ar an mbonn sin, is é 66,8 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(224) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

(225) Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tSín chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn staidreamh allmhairiúcháin ó Eurostat le haghaidh na gcód AC a liostaítear in aithris (23).

(226) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh thart ar 90 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a ndearnadh scrúdú aonair uirthi agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(227) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Hubei Greenhome Materials Technology, Inc.	71,2 %
Qianjiang Xinyihong Organic Chemical Co., Ltd.	52,6 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile: — Chongqing Zoteq Aroma Chemical Co., Ltd, — Hubei Kelin Bolun New Materials Co., Ltd, — Tianjin Dacals Chemical Co., Ltd.	66,8 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	71,2 %

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(228) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinne trí tháirgeoir a bhain le dhá ghrúpa ar leith san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(229) Ós rud é go bhfuil dhá ghrúpa cuideachtaí i dtionscal an Aontais, tugtar na figiúirí sa roinn seo agus sa chéad roinn eile i bhfoirm raonta ar chúiseanna rúndachta.

(230) Suíodh go raibh [31 000 – 33 000] tona i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na bhfreagraí ar na ceistneoirí a thug an dá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus ar bhonn an fhreagra ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha. Mar a shonraítear in aithris (7), is ón dá tháirgeoir shampláilte san Aontas a tháinig os cionn 95 % de tháirgeacht iomlán an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil.

4.1.1. *Margadh ábhartha an Aontais a Chinneadh*

(231) Chun a shuí ar bhain díobháil do thionscal an Aontais agus chun an tomhaltas agus na táscairí eacnamaíocha éagsúla i ndáil le staid thionscal an Aontais a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar ghá, agus a mhéid ba ghá, an úsáid a baineadh as táirgeacht thionscal an Aontais i gcás an táirge chomhchosúil a chur san áireamh san anailís.

(232) Chinn an Coimisiún go raibh cuid bheag de tháirgeacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing. Bhain sé sin le thart ar [1-2,5] % de tháirgeacht an Aontais agus le táirgeoir amháin. Aistríodh an táirge go simplí (gan sonrasc) agus/nó seachadadh é ar phraghsanna aistrithe laistigh den chuideachta chéanna nó de ghrúpaí cuideachtaí le haghaidh tuilleadh próiseála iartheachtaí.

(233) Is ábhartha an t-idirdhealú idir margadh faoi chuing agus saormhargadh a mhéid a bhaineann leis an anailís díobhála toisc nach nochtar táirgí atá beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing d'iomaíocht dhíreach ó allmhairí. I gcodarsnacht leis sin, tá an táirgeacht a bhfuil sé beartaithe í a dhíol ar an saormhargadh in iomaíocht dhíreach le hallmhairí an táirge lena mbaineann.

(234) Chun léargas atá chomh hiomlán agus is féidir a sholáthar ar thionscal an Aontais, fuair an Coimisiún sonraí le haghaidh gníomhaíocht iomlán an táirge agus chinn sé an raibh an táirgeacht beartaithe le haghaidh úsáid faoi chuing nó le haghaidh an tsaormhargaidh.

(235) Scrúdaigh an Coimisiún táscairí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le tionscal an Aontais ar bhonn sonraí maidir leis an saormhargadh. Is iad seo na táscairí sin: méid díolachán agus praghsanna díola ar mhargadh an Aontais; n sciar den mhargadh; fás; méid agus praghsanna na n-onnmhairí; brabúsacht; toradh ar infheistíocht; agus sreabhadh airgid. I gcás inarbh fhéidir agus ina raibh údar leis, cuireadh torthaí an scrúdaithe i gcomparáid leis na sonraí maidir leis an margadh faoi chuing chun léargas iomlán a thabhairt ar staid thionscal an Aontais.

(236) Mar sin féin, ní fhéadfaí scrúdú fóinteach a dhéanamh ar tháscairí eacnamaíocha eile ach amháin trí thagairt a dhéanamh don ghníomhaíocht iomlán, lena n-áirítear úsáid faoi chuing thionscal an Aontais. Is iad sin: táirgeacht; acmhainneacht, úsáid acmhainneachta; infheistíochtaí; stoic; fostaíocht; táirgiúlacht; tuarastail; agus an cumas caipiteal a chruinniú. Tá siad ag brath ar an ngníomhaíocht iomlán, bíodh an táirgeacht faoi chuing nó arna díol ar an saormhargadh.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(237) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais mar shuim an tsaormhargaidh agus an mhargaidh faoi chuing. Suíodh an saormhargadh ar bhonn mhéid díolachán thionscal an Aontais le páirtithe neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais móide allmhairí ó gach tríú tír arna dtaifeadadh in Eurostat. Léiríonn an margadh faoi chuing idirbhearta faoi chuing arna dtuairisciú ag tionscal an Aontais.

(238) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	[30 500 – 32 500]	[29 500 – 31 500]	[30 500 – 32 500]	[31 000 - 33 000]
Innéacs	*100*	*95*	*100*	*102*
Margadh faoi chuing	[500 – 700]	[500 – 700]	[500 – 700]	[500 – 700]
Innéacs	*100*	*88*	*93*	*91*
An saormhargadh	[30 000 – 32 000]	[29 000 – 31 000]	[30 000 – 32 000]	[30 500 - 32 500]
Innéacs	*100*	*95*	*100*	*102*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha, freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus Eurostat.

(239) Ar an iomlán, d'fhan tomhaltas an Aontais ar leibhéil chobhsaí. Tar éis titim in 2023, tháinig sé chuige féin. Ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sé 2 % níos airde ná mar a bhí in 2022.

(240) Bhain an margadh faoi chuing le húsáid faoi chuing chun cumaisc a tháirgeadh le haghaidh feidhmeanna cúraim phearsanta. Ba sciar beag de tháirgeacht an Aontais é agus bhí sé cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(241) A mhéid a bhaineann leis an saormhargadh, chonacthas figiúirí níos ísle ná mar is gnách in 2023 mar gheall ar shaincheisteanna soláthair *force majeure* a bhain do tháirgeoir amháin de chuid an Aontais, chomh maith le héileamh níos laige go sealadach ón Aontas mar gheall ar an leachtú stoic ginearálta a rinne custaiméirí an bhliain sin ([121]). Murach sin, bhí tomhaltas an tsaormhargaidh san Aontas réasúnta cobhsaí. Tháinig fás beag air sa dara leath den tréimhse faoi bhreathnú agus shroich sé [30 500 - 32 500] tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

1.1.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(242) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Rinneadh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí a shuí ar bhonn méideanna allmhairithe i gcomparáid le tomhaltas an Aontais sa saormhargadh mar a léirítear i dTábla 2.

([121]) https://lanxess.com/en/investors/news-and-events/news/2023/11/07/17/19/persistently-weak-demand-impacts-third-quarter.

(243) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh (%)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	5 059	9 246	10 611	13 067
Innéacs	*100*	*183*	*210*	*258*
An sciar den mhargadh (%)	[15 – 20]	[30 – 35]	[32 – 37]	[39 – 53]

Foinse: Eurostat (tonaí).

(244) Tháinig méadú mór ar allmhairí ón tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 5 059 dtona in 2022 go 13 067 dtona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is é atá ann sin méadú 158 %.

(245) Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú is mó ná faoi dhó ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne, ó thart ar [15 - 20] % in 2022 go [39 - 53] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.4. Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais

(246) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn sonraí a sholáthair táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(247) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tír lena mbaineann	2 737	1 846	1 690	1 444
Innéacs	*100*	*67*	*62*	*53*

Foinse: Eurostat.

(248) Tháinig laghdú ar phraghsanna allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó EUR 2 737/tona in 2022 go EUR 1 444/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. An laghdú de bheagnach EUR 900/tona idir 2022 agus 2023, is féidir go páirteach é a chur i leith laghdú na bpraghsanna loingseoireachta a bhí níos airde ná riamh in 2022 go leibhéil níos normalaithe in 2023. Mar sin féin, lean praghsanna allmhairiúcháin na Síne dá dtreocht anuas in 2024 (d'ainneoin an bhorrtha ar chostais loingseoireachta ar fud an domhain an bhliain sin ([122])) agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

([122]) Foinse le haghaidh threocht na gcostas loingseoireachta: https://unctad.org/news/high-freight-rates-strain-global-supply-chains-threaten-vulnerable-economies and Review of maritime transport 2025, UNCTAD, available at https://unctad.org/publication/review-maritime-transport-2025.

(249) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

(1) na meánphraghsanna díola ualaithe i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí comhoibríocha sampláilte de chuid na Síne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin; agus

(2) na meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha.

(250) Rinneadh an chomparáid praghsanna tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe os cionn 18 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Suíodh go raibh sladghearradh i gceist le 100 % de na méideanna allmhairithe.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(251) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(252) Mar a luaitear in aithris (7), baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(253) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa fhreagra ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí sampláilte san Aontas. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(254) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo.

(255) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(256) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Cainníocht táirgeachta (tonaí)	[37 500 – 39 500]	[30 000 – 32 000]	[34 000 – 36 000]	[31 000 – 33 000]
Innéacs	*100*	*78*	*91*	*82*

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	[50 000 – 58 000]	[50 000 – 58 000]	49 000 – 57 000]	[50 000 – 58 000]
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*
Úsáid acmhainneachta (%)	79	61	72	65
Innéacs	*100*	*78*	*91*	*82*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha.

(257) Idir 2022 agus 2023, tháinig laghdú [20-30] % ar tháirgeacht an Aontais, ó [37 500 - 39 500] tona go [31 000 – 33 000] tona. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhain an táirgeacht an pointe is ísle amach in 2023. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar theagmhas *force majeure* an bhliain sin maidir leis an soláthar clóirín do tháirgeoir amháin de chuid an Aontais, rud a chuir iallach ar an gcuideachta a táirgeadh a laghdú.

(258) D'fhan an acmhainneacht táirgeachta réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse. Mar thoradh ar an líon laethanta athluchtaithe, chonacthas roinnt luaineachtaí san acmhainneacht táirgeachta éifeachtach. Níor athraigh an acmhainneacht ainmniúil ar chor ar bith le linn na tréimhse, áfach.

(259) Is táscaire díobhála tábhachtach í úsáid acmhainneachta do tháirgeoir tráchtearraí. Tháinig laghdú foriomlán ar úsáid acmhainneachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú ó [75-85] % in 2022 go [65-75] % faoi dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin. Cé gur cosúil gur tháinig feabhas ar an úsáid acmhainneachta idir 2023 agus 2024, ba léiriú é sin i ndáiríre ar dheireadh an teagmhais force majeure in 2023 dá dtagraítear in aithris (257) thuas.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(260) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar chainníocht na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	20 000 – 25 000	18 000 – 23 000	20 000 – 25 000	17 000 – 22 000
Innéacs	*100*	*82*	*89*	*79*
Margadh faoi chuing	500 - 700	500 - 700	500 - 700	500 – 700
Innéacs	*100*	*88*	*93*	*91*
Díolacháin ar an saormhargadh	20 000 – 25 000	18 000 – 23 000	20 000 – 25 000	17 000 – 22 000
Innéacs	*100*	*82*	*89*	*79*
An sciar den mhargadh a bhain le díolacháin ar an saormhargadh (%)	[65 – 75]	[60 – 70]	[60 – 70]	[50 – 60]

Foinse: Freagra ar an Macraicheistneoir.

(261) Tháinig laghdú thart ar 20 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais, ó [20 000 - 25 000] tona in 2022 go [17 000 – 22 000] tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'ainneoin an bheagáin fáis ar thomhaltas an Aontais. Chonacthas díolacháin níos ísle in 2023 go páirteach mar gheall ar theagmhas *force majeure* an bhliain sin maidir leis an soláthar clóirín do phríomhtháirgeoir an Aontais, rud a chuir iallach ar an gcuideachta a táirgeadh a laghdú.

(262) Dá réir sin, tháinig laghdú thart ar 17 bpointe céatadáin le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais.

4.5.2.3. Fás

(263) Ní fhacthas aon fhás ar thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'ainneoin méadú beag ar thomhaltas an Aontais, chaill tionscal an Aontais méideanna díolachán agus sciar den mhargadh, laghdaigh sé a tháirgeadh agus a úsáid acmhainneachta táirgeachta agus chaill sé cumhacht mhargála, agus dá bhrí sin bhí staid níos measa aige ná mar a bhí in 2022.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(264) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	[100 - 120]	[100 - 120]	[100 - 120]	[100 - 120]
Innéacs	*100*	*97*	*102*	*92*
Táirgiúlacht (aonad/fostaí)	[300 - 400]	[250 - 350]	[250 - 350]	[250 - 350]
Innéacs	*100*	*80*	*89*	*89*

Foinse: Freagra ar an macraicheistneoir.

(265) D'fhan na leibhéil fostaíochta réasúnta cobhsaí, agus is beag post a cailleadh faoi dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin (- 8 %).

(266) I bhfianaise laghdú ar mhéideanna táirgeachta a bhí ní ba mhó ná an laghdú ar leibhéil fostaíochta, laghdaigh an táirgiúlacht ó [300 - 400] tona/fostaí in 2022 go [250 - 350] tona/fostaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(267) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(268) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(269) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas agus Costas táirgthe in aghaidh an aonaid

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an saormhargadh (EUR/tona)	[2 500 – 3 000]	[2 000 – 2 400]	[1 800 – 2 200]	[1 600 – 2 000]
Innéacs	*100*	*80*	*74*	*66*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	[2 400 – 2 900]	[2 400 – 2 900]	[2 100 – 2 600]	[2 100 – 2 600]
Innéacs	*100*	*98*	*84*	*84*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(270) Tháinig laghdú is mó 30 % ar phraghsanna díola an Aontais i saormhargadh an Aontais, ó EUR [2 500 - 3 000]/tona in 2022 go EUR [1 600 - 2 000]/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'fhonn gan custaiméirí a chailleadh i gcomhthéacs méadú ar allmhairí na Síne ar phraghsanna a bhí ag dul i laghad. Bhí praghsanna díola an Aonaid faoi bhun chostas aonaid an táirgthe le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú. Ó 2023, bhí bhearna nach beag idir na meánphraghsanna a bhí ag táirgeoirí an Aontais agus praghsanna allmhairiúcháin na Síne, agus chonacthas an bhearna ba mhó le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(271) Tháinig laghdú 16 % ar chostas aonaid an táirgthe, ó EUR [2 400 - 2 900]/tona in 2022 go EUR [2 100 – 2 600]/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tharla sé sin mar thoradh ar normalú na bpraghsanna fuinnimh (a bhain an leibhéal is airde riamh amach in 2022) agus ar chláir laghdaithe costas, is é sin laistigh de tháirgeoir amháin de chuid an Aontais a bhfuil deacrachtaí airgeadais aige.

4.5.3.2. Costais saothair

(272) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[100 000 – 115 000]	[95 000 - 105 000]	[90 000 - 105 000]	[95 000 – 110 000]
Innéacs	*100*	*90*	*90*	*95*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(273) An meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, d'athraigh sé le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go páirteach mar gheall ar athruithe ar an mbonn saothair mar thoradh ar earcaíocht nua agus ar chomhlíonadh gealltanas i leith innéacsú tuarastail. Bhí costais saothair in aghaidh an fhostaí réasúnta ard in 2022 mar gheall ar an mbónas a d'íoc ceann de na táirgeoirí sampláilte le fostaithe an bhliain sin.

4.5.3.3. Fardail

(274) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Stoic

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoc deiridh (tonaí)	[1 200 – 1 900]	[1 700 – 2 000]	[1 200 – 1 600]	[900 – 1 300]
Innéacs	*100*	*107*	*86*	*61*
Stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht	5	*7*	5	4

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(275) Tháinig laghdú 39 % ar an stoc deiridh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Maidir le stoc mar chéatadán den táirgeacht, bhí sé idir 7 % in 2023, nuair a thosaigh an bhearna idir praghsanna an Aontais agus praghsanna na Síne ag leathnú, agus 4 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ó tharla go raibh staid tháirgeoirí an Aontais ag dul in olcas, rinneadh gníomhaíochtaí chun caipiteal oibre a laghdú le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(276) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (%) de láimhdeachas na ndíolachán)	[0 – 10]	[- 17 - - 21]	[- 13 - - 6]	[- 20 - - 15]
Sreabhadh airgid (EUR)	[2 000 000] – [5 000 000]	[- 13 000 000] - - 10 000 000]	[- 8 000 000]- [- 5 000 000]	[- 13 000 000 -[- 10 000 000]
Innéacs	*100*	*- 617*	*- 376*	*- 631*
Infheistíochtaí (EUR)	1 500 000 – 3 500 000	1 000 000 – 3 000 000	800 000 – 1 800 000	1 000 000 – 3 000 000
Infheistíochtaí - Innéacs	*100*	*65*	*49*	*72*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	2	- 60	- 45	- 66
Innéacs	*100*	*- 2 668*	*- 2 031*	*- 2 947*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(277) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bliain eisceachtúil ba ea 2022, ina bhfacthas praghsanna arda amhábhar agus fuinnimh agus suaití tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Mar sin féin, ba é 2022 an t-aon bhliain sa tréimhse faoi bhreathnú ina raibh táirgeoirí de chuid an Aontais brabúsach de bharr a méideanna agus a bpraghsanna ar conradh agus de bharr nach raibh allmhairí ón tSín i láthair chomh mór sin agus go raibh a bpraghsanna níos cothroime. D'athraigh an bhrabúsacht ó bheith dearfach in 2022 go diúltach an bhliain dár gcionn agus tabhaíodh caillteanas thar a bheith mór de dheasca na bhforbairtí ar mheánphraghsanna díola agus costais táirgthe thionscal an Aontais a shonraítear in aithrisí (270)-(271), úsáid acmhainneachta níos ísle agus táirgeadh níos ísle chun costais sheasta a ionsú.

(278) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Chuaigh an glansreabhadh airgid i dtreo diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus chloígh an treocht sin go dlúth le treocht na brabúsachta agus le luaineachtaí i leibhéil stoic. An glansreabhadh airgid a bhí ar fáil, tháinig sé chun bheith róghearr ó bhí 2023 ann fiú chun innealra i ngléasraí a chothabháil agus a athsholáthar.

(279) Cé is moite d'infheistíocht mhór amháin eile a d'eascair as cinneadh a rinneadh an bealach ar fad siar in 2018, ní dhearna tionscal an Aontais ach infheistíochtaí teoranta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, fiú má tá infheistíocht leanúnach i ngléasra ceimiceach fíor-riachtanach chun go mairfidh an tionscal go fadtéarmach agus chun coinneáil suas le ceanglais rialála. Bhí an líon beag infheistíochtaí sin dírithe ar thomhaltas fuinnimh a laghdú, cuíchóiriú a dhéanamh agus gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach.

(280) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig forbairt dhiúltach air le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léiriú ar na treochtaí ar tugadh tuairisc orthu roimhe seo maidir le brabúsacht agus sreabhadh airgid.

(281) D'fhág an laghdú ar bhrabúsacht agus ar shreabhadh airgid gur cuireadh bac ar chumas táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais caipiteal a thiomsú. Bhí deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais ag ceann amháin acu ([123]).

4.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(282) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar phraghsanna díola (-34 %) i dtionscal an Aontais, rud a d'fhág, in éineacht le costas ard táirgthe, gur tháinig an leibhéal brabúis a bhí íseal in 2022 chun bheith ina chaillteanais in 2023, 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin. De dheasca na dtreochtaí sin, tháinig laghdú substaintiúil ar an sreabhadh airgid, ar an toradh ar infheistíocht agus ar leibhéil infheistíochta. D'ainneoin tomhaltas sláintiúil cobhsaí san Aontas, breathnaíodh treochtaí diúltacha móra freisin i dtáscairí maidir le méid, amhail táirgeacht, ar tháinig laghdú 18 % uirthi, an méid díolachán, ar tháinig laghdú 21 % air, agus an sciar den mhargadh, a d'ísligh ó [65 – 75] % in 2022 go [50 – 60] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Chomh maith leis sin, laghdaigh leibhéil úsáide acmhainneachta go leibhéil neamh-inbhuanaithe, agus iad ró-íseal do tháirgeoir ceimiceán tráchtearraí chun costais ábhartha a aisghabháil. De bharr na bhforbairtí sin fágadh tionscal an Aontais i staid dhíobhálach. Briseadh daoine as a bpost san Aontas. Ní raibh forbairt dhearfach le sonrú ar aon cheann de na táscairí a ndearnadh scrúdú orthu.

(283) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. **CÚISÍOCHT**

(284) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: éifeachtaí allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais agus na luaineachtaí i bpraghsanna tosca táirgeachta ábhartha.

([123]) https://www.denieuwestermaastricht.nl/chemische-fabriek-in-financiele-problemen/.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(285) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí méideanna allmhairithe na Síne ag dul chun tosaigh go soiléir agus go leanúnach ar mhargadh méadaitheach an Aontais, mar a léirítear i dtábla 3. Dá thoradh sin, chaill tionscal an Aontais méideanna móra díolachán agus chuaigh a sciar den mhargadh agus foinsí eile soláthair (i.e. allmhairí nach ón tSín iad) i léig.

(286) In 2022, tháinig allmhairí ón tSín isteach ar phraghsanna a bhí gar do phraghsanna thionscal an Aontais. Ó 2023 ar aghaidh, bhí díolacháin onnmhaireoirí na Síne á ndéanamh go buan ar phraghsanna faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais. Bhí praghsanna allmhairiúcháin na Síne faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú.

(287) Chuir allmhairí ón tSín isteach san Aontas brú mór ó thaobh praghsanna agus méideanna de ar mhargadh an Aontais, rud a mhíníonn an laghdú a tháinig ar phraghsanna thionscal an Aontais (faoi bhun an chostais táirgthe). Go deimhin, mar thráchtearra, tá an iomaíocht i margadh an alcóil beinsile thar a bheith íogair ó thaobh praghsanna de agus is dócha go n-aistreoidh custaiméirí chuig soláthróirí malartacha mar fhreagairt ar mhionathruithe ar phraghsanna.

(288) Is suntasach an sladghearradh i bhfianaise a íogaire ó thaobh praghsanna de atá tráchtearra aonchineálach inmhalartaithe amhail alcól beinsile. Bhí sochtadh láidir praghsanna ar mhargadh an Aontais dá dheasca sin.

(289) Bhain an laghdú ar dheiseanna díolacháin an bonn de chumas tháirgeoirí an Aontais oibriú go héifeachtúil. An úsáid a bhain táirgeoirí an Aontais as a n-acmhainneachtaí, ba i bhfad ón úsáid ab fhearr ab fhéidir a bhaint astu. Chuir tearcúsáid na hacmhainneachta táirgeachta in 2023, 2024 agus sa tréimhse imscrúdúcháin le caillteanais airgeadais thionscal an Aontais. Agus costais táirgthe thábhachtacha scaipthe thar aschur níos lú, tháinig méadú nach beag ar chostais aonaid, rud a chuir leis an díobháil a rinne na hallmhairí dumpáilte.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(290) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An India	Cainníocht (tonaí)	3 049	1 498	230	646
	Innéacs	*100*	*49*	*8*	*21*
	An sciar den mhargadh (%)	[8 - 11]	[3 - 7]	[0 - 4]	[0 - 4]
	An meánphraghas (EUR/tona)	2 367	1 887	2 848	1 599
	Innéacs	*100*	*80*	*120*	*68*
Tríú tíortha eile	Cainníocht (tonaí)	804	556	674	624
	Innéacs	*100*	*69*	*84*	*78*
	An sciar den mhargadh (%)	[1 - 4]	[0 - 3]	[1 - 4]	[0 - 3]
	An meánphraghas (EUR/tona)	6 072	6 902	6 635	6 477
	Innéacs	*100*	*114*	*109*	*107*

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Cainníocht (tonaí)	3 853	2 054	904	1 270
	Innéacs	*100*	*53*	*23*	*33*
	An sciar den mhargadh (%)	[9 - 13]	[6 - 10]	[2 - 5]	[3 - 5]
	An meánphraghas (EUR/tona)	3 141	3 245	5 671	3 994
	Innéacs	*100*	*103*	*181*	*127*

Foinse: Eurostat.

(291) Is ón tSín, ar bhonn comhsheasmhach, a tháinig formhór mór na n-allmhairí isteach san Aontas. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'fhás a sciar d'allmhairí go 91 % de na hallmhairí uile. Bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile teoranta agus ba de thionscnamh na hIndia, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe iad go príomha. I ndáil leis sin, suíodh san imscrúdú gur athdhíolacháin iad allmhairí de thionscnamh tíortha áirithe a mhéid a bhí na hallmhairí sin de thionscnamh tíortha nach dtáirgtear aon alcól beinsile ar bhonn tráchtála iontu (e.g. allmhairí ón Ríocht Aontaithe nó ón Iorua).

(292) Sciar 12,3 % den mhargadh a bhí ag na hallmhairí tríú tír uile eile (gan an tSín a áireamh) in 2022 agus is ar éigean a bhí sciar 4 % acu le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(293) Ar an iomlán, bhí allmhairí ó gach tríú tír eile níos costasaí ná allmhairí ón tír lena mbaineann. Bhí praghsanna allmhairiúcháin níos airde isteach san Aontas ag an India, an príomhallmhaireoir tríú tír isteach san Aontas tar éis na Síne, i gcomparáid leis an tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú (cé is moite de 2022). Cé go raibh praghsanna allmhairiúcháin na hIndia faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí méid na n-allmhairí sin agus a sciar den mhargadh íseal.

(294) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ar an iomlán, nár chuir allmhairí tríú tír eile leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(295) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí chuig custaiméirí comhlachaithe agus neamhchomhlachaithe (tonaí)	[6 000 – 17 000]	[5 000 – 12 000]	[5 000 –16 000]	[4 000 – 14 000]
Innéacs	*100*	*68*	*93*	*79*
Meánphraghas díola le custaiméirí neamhchomhlachaithe (EUR/tona)	[2 600 – 2 900]	[2 300 – 2 500]	[1 900 – 2 100]	[1 900 - 2 100]
Innéacs	*100*	*85*	*73*	*70*

Foinse: Freagra ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha agus freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais (EUR/tona).

(296) Bíonn táirgeoirí an Aontais agus roinnt mhaith dá gcustaiméirí gníomhach ar fud an domhain, agus dá réir sin ba sciar mór de tháirgeacht thionscal an Aontais iad onnmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(297) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar an meánphraghas díola onnmhairiúcháin. Bhí praghsanna onnmhairiúcháin thionscal an Aontais luaineach i bhfianaise na ndálaí soláthair agus éilimh agus na ndálaí margaidh a bhí i réim sa cheann scríbe agus i bhfianaise an mheascáin táirgí, agus iad ag dul in iomaíocht ghéar le táirgí Síneacha an tráth céanna.

(298) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais ach nár mhaolaigh sí an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte na Síne agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais i margadh an Aontais a aithnítear i roinn 5.1.

5.2.3. *Luaineacht praghsanna tosca táirgeachta ábhartha*

(299) Is é praghas an phríomh-amhábhair, tolúéin, is mó a chuireann le costas táirgthe alcóil beinsile. Cé gur lú an sciar a bhaineann le costais fuinnimh ná le tolúéin, is sciar mór fós iad na costais sin de chostas foriomlán an táirgthe. Tá méadú mór tagtha ar phraghsanna fuinnimh ó chuir an Rúis tús lena cogadh foghach in aghaidh na hÚcráine, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar an gcostas táirgthe sa chéad chuid den tréimhse faoi bhreathnú.

(300) Níorbh fhéidir le treocht na bpraghsanna agus na n-ionchur gáis/fuinnimh sa tréimhse faoi bhreathnú míniú a thabhairt ar an laghdú ollmhór a tháinig ar bhrabúis sa chás seo, óir bhí tionscal an Aontais brabúsach in 2022 nuair a shroich praghsanna agus ionchuir gáis/fuinnimh a mbuaicphointe. Thosaigh tionscal an Aontais ag tabhú caillteanais nuair a normalaíodh praghsanna gáis/fuinnimh agus a cuireadh tionscnaimh coigilte costais chun feidhme.

(301) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár mhaolaigh luaineacht phraghsanna na bpríomh-amhábhar ná luaineacht na bpraghsanna fuinnimh an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais i margadh an Aontais. Agus cothrom iomaíochta ann, ba cheart táirgeoirí an Aontais a bheith in ann a bpraghsanna díola a mhéadú go leibhéal inbhuanaithe/brabúsach, rud nárbh amhlaidh.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(302) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go ndearna allmhairí ón tír lena mbaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Cé go bhféadfadh sé gur chuir feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais leis an díobháil, ní mhaolaíonn an toisc sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil. Níor mhaolaigh tosca eile, arna mbreithniú astu féin nó i dteannta a chéile, an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

6. **LEIBHÉAL NA mBEART**

(303) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

6.1. **Corrlach díobhála**

(304) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(305) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(306) Mar chéad chéim, shuigh an Coimisiún bunbhrabús lena gcumhdaítear na costais iomlána faoi ghnáthdhálaí iomaíochta ar bhonn na brabúsachta a bhain táirgeoir an Aontais amach a raibh sonraí ar fáil ina leith. Socraíodh an corrlach brabúis sin ag 15,8 % Ba é sin an leibhéal brabúsachta a fuair táirgeoir an Aontais in 2018, an bhliain is déanaí nach ndearna allmhairí ar phraghas íseal ón tír atá faoi imscrúdú difear do bhrabúsacht thionscal an Aontais.

(307) Sholáthair táirgeoir amháin de chuid an Aontais fianaise go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. D'fhíoraigh an Coimisiún na cúiseanna ar cuireadh tús le hinfheistíocht réamhtheachtach agus ar tréigeadh ina dhiaidh sin í. Suíodh go raibh údar leis na maímh. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir na costais a bhaineann le hinfheistíochtaí, taighde agus forbartha agus nuálaíochta ('ITFN') faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún ar thaobh amháin, agus costais ITFN iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an taobh eile. Níos lú ná 1 % a bhí sa difríocht sin, arna sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachais.

(308) I gcás an pháirtí ábhartha, cuireadh an céatadán sin leis an mbunbhrabús 15,8 % a luaitear in aithris (306), rud a d'fhág go raibh spriocbhrabús [15,9-16,5] % ann.

(309) Ar an mbonn sin, is é [EUR 2 350 - EUR 2 950] an praghas neamhdhíobhálach in aghaidh an tona, a eascraíonn as an gcorrlach brabúis thuasluaite [15,9 -16,5] % a chur i bhfeidhm maidir le costas táirgthe tháirgeoir sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(310) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Ar bhonn na fianaise a soláthraíodh mar aon leis an bhfreagra ar an gceistneoir, shuigh an Coimisiún costas breise [EUR 25 - EUR 80] in aghaidh an tona le haghaidh costais indíreacha CO2. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach a luaitear in aithris (309).

(311) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach [EUR 2 375 - EUR 2 995] in aghaidh an tona le haghaidh an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an mbunbhrabús 15,8 % a chur i bhfeidhm maidir le táirgeoir sampláilte amháin de chuid an Aontais agus an corrlach spriocbhrabúis thuasluaite (féach aithris (308)) a chur i bhfeidhm maidir le costas táirgthe an dara táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní bhaineann na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) dá dtagraítear san aithris roimhe seo ach leis an dara táirgeoir sampláilte de chuid an Aontais.

(312) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(313) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach allmhaire eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí agus na n-allmhairí sin (féach aithrisí (222) go (227).

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach gearrdhíola (%)
Hubei Greenhome Materials Technology, Inc.	71,2	93,4
Qianjiang Xinyihong Organic Chemical Co., Ltd.	52,6	97,9
Chongqing Zoteq Aroma Chemical Co.,Ltd	66,8	94,5
Hubei Kelin Bolun New Materials Co., Ltd,	66,8	94,5
Tianjin Dacals Chemical Co., Ltd.	66,8	94,5
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	71,2	97,9

(314) Sa chás seo, mhaígh an gearánach go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála.

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

(315) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhar sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhainte chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

(316) Mar sin féin, ós rud é go bhfuil na corrlaigh a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil níos airde ná na corrlaigh dhumpála, mheas an Coimisiún, ag an bpointe sin, nach raibh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an ngné sin.

(317) Tar éis an mheasúnaithe thuas, chinn an Coimisiún gurb iomchuí méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

7. **LEAS AN AONTAIS**

(318) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí, na n-úsáideoirí agus na soláthróirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(319) Tá trí chuideachta faoi dhá ghrúpa a tháirgeann alcól beinsile san Aontas agus fostaíonn siad [100-120] duine go díreach. Tá na gléasraí lonnaithe sa Ghearmáin agus san Ísiltír. Chomhoibrigh táirgeoirí uile an Aontais leis an imscrúdú agus thacaigh siad le forchur na mbeart.

(320) Agus an cinneadh go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a shonraítear i roinn 4.6 den rialachán seo á chur san áireamh, dá bhforchuirfí bearta, bheadh tionscal an Aontais in ann feabhas a chur ar a bhrabúsacht i dtreo leibhéil inbhuanaithe, infheistíocht a mhéadú, agus dá réir sin staid iomaíoch i margadh an Aontais a fháil ar ais. Bheadh tionscal an Aontais in ann sciar caillte den mhargadh a fháil ar ais freisin trí mhéideanna táirgeachta agus díolacháin i margadh an Aontais a mhéadú. Tá staid dhíobhálach tháirgeoirí an Aontais ina bagairt ar a gcumas leanúint d'alcól beinsile a tháirgeadh san Aontas le haghaidh úsáid faoi chuing (méideanna teoranta) agus úsáid ar an saormhargadh araon.

(321) Is dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha móra breise ag an easpa beart ar thionscal an Aontais. Athraíonn an spleáchas ar an táirge ag brath ar an láithreán, ach i bhfianaise a chomhtháite agus a idirnasctha atá céimeanna táirgthe d'fhéadfadh fadhbanna i gcéim amháin den táirgeadh bac a chur ar inmharthanacht gléasra iomláin. Tá ceann de na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais faoi bhagairt thromchúiseach cheana féin ([124]), agus tá táirgeadh leanúnach alcóil beinsile san Aontas i mbaol mura bhforchuirfear bearta agus mura gcuirfear stop leis an meath ar inmharthanacht an tionscail. Is éard a bheadh ann caillteanas acmhainneachta tionsclaíche, eolais agus post cáilithe nárbh fhéidir a aisiompú.

(322) Dá bhrí sin, is léir go bhfuil sé chun leas thionscal an Aontais bearta a fhorchur ar alcól beinsile ón tír lena mbaineann.

([124]) https://www.denieuwestermaastricht.nl/chemische-fabriek-in-financiele-problemen/.

7.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(323) Is úsáideoirí den chuid is mó a allmhairíonn an táirge lena mbaineann chuig an Aontas ach allmhairíonn dáileoirí áirithe é freisin. Tháinig roinnt bheag dáileoirí chun cinn cé nár chuir aon cheann acu freagraí ar an gceistneoir isteach. Ba dhíol sásaimh an t-imscrúdú do Gadot Belgium B.V., a thairgeann réitigh bainistithe slabhra luacha ceimiceán.

(324) Chuir allmhaireoir neamhchomhlachaithe (Fenchem Biochemie GmbH) freagra neamhiomlán ar an gceistneoir isteach agus d'éirigh sé as an gcomhar ina dhiaidh sin. D'fhág na heasnaimh sa fhreagra nárbh fhéidir teacht ar chonclúid maidir le héifeachtaí (más ann dóibh) na mbeart ar a ghnó.

(325) Níor sainaithníodh san imscrúdú aon iarmhairt dhiúltach ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe san Aontas a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná an tionchar dearfach a d'imreodh forchur na mbeart ar thionscal an Aontais. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart allmhaireoirí san Aontas a bheith in ann leanúint d'alcól beinsile a allmhairiú ón tSín toisc nárbh é cuspóir an imscrúdaithe bac a chur ar allmhairí ón tSín ach a bpraghsanna a ardú go leibhéil neamhdhumpáilte.

7.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(326) Chuir úsáideoir amháin freagra ar an gceistneoir isteach agus chuir sé in aghaidh beart. Thug an páirtí dá aire go n-úsáideann a chleamhnaí Ostarach alcól beinsile mar amhábhar fíor-riachtanach chun roisíní éagsúla a tháirgeadh. Bhí coinne ag an bpáirtí le méadú mór ar chostas alcóil beinsile mar gheall ar bhearta frithdhumpála agus mar gheall ar sholáthróirí alcóil beinsile de chuid an Aontais a bheith ag coigeartú a bpraghsanna aníos ina dhiaidh sin de réir mar a laghdóidh an brú iomaíoch ó allmhairí. Is é an toradh a bheadh air sin go n-aistreofaí chuig roisíní allmhairithe arna dtáirgeadh lasmuigh den Aontas le halcól beinsile ar phraghas níos ísle. Dá bhrí sin, bheadh táirgeoirí roisín san Aontas thíos le tionchar dúbailte: costais ionchuir níos airde agus iomaíocht mhéadaithe ó allmhairí atá níos buntáistí ó thaobh costais de, i.e. ón míchothromaíocht iomaíoch a bheith á haistriú céim amháin níos faide síos an slabhra luacha. Líomhain an páirtí go ndéanfadh aon mhéadú breise ar chostais amhábhar dochar dá iomaíochas agus go gcuirfeadh sé brabúsacht a tháirgí iartheachtacha—agus i gcásanna áirithe inmharthanacht na dtáirgí sin—i mbaol.

(327) Leis an bhfreagra a thug an t-úsáideoir beag sin ar an gceistneoir, a mbaineann níos lú ná 1 % d'allmhairí ón tSín leis, níor tugadh le fios go n-imreodh méadú ar phraghas ceannaigh alcóil beinsile tionchar ábhartha ar a chuid oibríochtaí. I gcás cuid dá tháirgí, is é atá i gcostais alcóil beinsile sciar athraitheach de chostais na dtáirgí deiridh (i.e. idir 1 % agus 20 %, ag brath ar na táirgí). Níor suíodh gur thug impleachtaí costais (féideartha) do tháirgí sonracha an úsáideora chomhoibríoch údar le staonadh ó dhleachtanna a chosnóidh monaróirí alcóil beinsile an Aontais, ar léir go bhfuil siad thíos le hiomaíocht éagórach. Thug an Coimisiún dá aire freisin nach bhfuil sé beartaithe le bearta frithdhumpála go dtabharfar buntáiste do tháirgeoirí an Aontais. Is é is aidhm do bhearta frithdhumpála stop a chur le cleachtais trádála éagóracha neamhdhleathacha áirithe a shaobhann dálaí an mhargaidh agus a rinne díobháil do thionscal an Aontais.

(328) Ar an iomlán, níor sainaithníodh san imscrúdú iarmhairtí diúltacha ar úsáideoirí san Aontas a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná an tionchar dearfach a d'imreodh forchur na mbeart ar thionscal an Aontais. Os a choinne sin, le bearta d'áiritheofaí soláthar áitiúil agus sheachnófaí spleáchas ar allmhairí ón tSín. D'fhéadfadh éifeachtaí tubaisteacha a bheith ag spleáchas den sórt sin i gcás athruithe ar bhearta straitéiseacha nó fadhbanna lóistíochta a dhéanfadh difear d'allmhairí na Síne, mar shampla.

7.4. **Leas na soláthróirí**

(329) Níor chuir aon soláthróir (aon chomhlachas a dhéanann ionadaíocht ar leasanna soláthróirí) freagraí ar an gceistneoir isteach.

(330) Mar sin féin, mheas an Coimisiún go rachadh bearta chun tairbhe do sholáthróirí san Aontas toisc go ndaingneofar an t-éileamh áitiúil ar amhábhair amhail tolúéin agus clóirín. Trí ghléasraí alcóil beinsile san Aontas a bheith ag leanúint dá n-oibríochtaí, tacófar le cuideachtaí áitiúla a sholáthraíonn seirbhísí (do tháirgeoirí an Aontais) amhail cothabháil, páirteanna spártha agus innealra.

7.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(331) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí alcóil beinsile de thionscnamh na tíre lena mbaineann, le linn na céime sin den imscrúdú.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(332) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(333) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí alcóil beinsile de thionscnamh na Síne, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(334) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach %
Hubei Greenhome Materials Technology, Inc.	71,2
Qianjiang Xinyihong Organic Chemical Co., Ltd.	52,6
Chongqing Zoteq Aroma Chemical Co.,Ltd	66,8
Hubei Kelin Bolun New Materials Co., Ltd,	66,8
Tianjin Dacals Chemical Co., Ltd.	66,8
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	71,2

(335) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na dtíortha lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(336) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát.. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin isteach, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(337) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(338) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, inter alia, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

9. **CLÁRÚ**

(339) Mar a luaitear in aithris (3), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(340) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(341) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(342) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin na hArd-Stiúrthóireachta um an Trádáil agus Slándáil Eacnamaíoch. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(343) D'áitigh Qianjiang Xinyihong go raibh ríomh an tagarmhairc le haghaidh na seachtháirgí ag méadú an chostais táirgthe go hearráideach, rud a d'fhág go raibh gnáthluach níos airde ann. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus rinne sé na ríomhanna a athbhreithniú dá réir.

(344) Thug Hubei Greenhome faoi deara earráid chléireachais amháin a bhain leis na costais láimhseála agus chúnta, mar a tuairiscíodh i liostú na n-idirbheart foluiteach de na díolacháin onnmhairiúcháin. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus rinne sé na ríomhanna a athbhreithniú dá réir.

(345) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán éifeachtach ar allmhairí an táirge atá go díreach réamhtheachtach ó alcól beinsile i.e. clóiríd bheinsile a aicmítear faoi láthair, i measc táirgí eile, faoi chód AC 2903 99 80, measann an Coimisiún gurb iomchuí cód TARIC sonrach a thabhairt isteach chun críoch faireacháin. Leis an mbeart sin, beidh an Coimisiún in ann staitisticí cruinne mionsonraithe a bhailiú maidir le sreafaí trádála, measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus aon teacht timpeall féideartha ar bhearta cosanta trádála a bhrath. Is chun críoch faireacháin amháin a thugtar isteach an cód TARIC sin agus ní fhorchuirtear leis aon dleacht ná srian breise ar allmhairí ag an gcéim seo.

(346) Ba cheart an cód TARIC sonrach a struchtúrú ar bhealach a ndéanfar idirdhealú idir clóiríd bheinsile agus táirgí eile faoin gceannteideal AC céanna, rud a áiritheoidh go mbaileofar sonraí beachta. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar na sonraí a bhailítear faoin gcód sin chun a chinneadh an bhfuil údar le tuilleadh gníomhaíochta, amhail imscrúdú frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais a thionscnamh.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(347) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(348) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí alcóil beinsile (ar a dtugtar feinilmeatánól, beinséinmeatánól, feiniolcarbanól agus hiodrocsatolúéin freisin), ar alcól aramatach é, atá faoi láthair faoi chód AC 2906 21 00, atá go hiondúil faoi CUS 0011660-9, CAS RN 100-51-6, agus ar de thionscnamh na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach %	Cód breise TARIC
Hubei Greenhome Materials Technology, Inc.	71,2	88FF
Qianjiang Xinyihong Organic Chemical Co., Ltd.	52,6	88FG
Chongqing Zoteq Aroma Chemical Co.,Ltd	66,8	88FH
Hubei Kelin Bolun New Materials Co., Ltd,	66,8	88FI
Tianjin Dacals Chemical Co., Ltd.	66,8	88FJ
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	71,2	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le méid alcóil beinsile i dtonaí a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.'* Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne .

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Chun faireachán a dhéanamh ar allmhairí an táirge atá go díreach réamhtheachtach ó alcól beinsile i.e. clóiríd bheinsile, tugtar isteach an cód TARIC seo a leanas:

2903	- Díorthaigh halaiginithe de hidreacarbóin aramatacha:
2903 99	- - Eile:
2903 99 80 81	- - - Clóiríd bheinsile

2. Beidh allmhairí faoin gcód TARIC 2903 99 80 81 faoi réir faireachais ionas go mbeidh an Coimisiún in ann na treochtaí staidrimh a leanúint a bhaineann le hallmhairí an táirge atá go díreach réamhtheachtach ó alcól beinsile atá faoi réir na dleachta frithdhumpála sealadaí in Airteagal 1, i gcomhréir le hAirteagal 56(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([125]) an lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.

3. Scoirfear de na bearta faireachais a thugtar isteach le mír 1 i gcás ina bhfoirceannfar an dleacht frithdhumpála ar allmhairí alcóil beinsile de thionscnamh na Síne nó ina rachaidh sí in éag.

([125]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

Airteagal 3

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 4

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/362.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bhearta cinntitheacha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN